# CLÁR

Réamhrá . . . 2

**1** Obair Ghinearálta Na hOifige . . . 5

**2** Athbhreithniú ar an mbliain . . . 7

**3** Forbairtí Dlíthiúla 2007 . . . 17

**4** Ionchúisimh maidir le Tiomáint faoi Thionchar Dí . . . 22

**5** Coigistiú ar Shócmhainní ó Choireacht . . . 24

**6** Barántas Gabhála Eorpach . . . 26

**7** Saoráil Faisnéise . . . 28

**8** Staitisticí . . . 29

**9** Sliocht as Cuntas Leithreasa 2006 . . . 52

**10** An tAcht Um Íocpras Cuntas, 1997 . . . 53

**11** Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil . . . 54

**12** Struchtúr Eagrúcháin . . . 55

**Aguisín I** Ráiteas faoi Thoradh na Bliana 2007 . . . 56

**Aguisín II** Achoimre Fheidhmeach ar an bPléphaipéar um an Beartas Ionchúisimh maidir le Cúiseanna Cinntí a Thabhairt . . . 59

**Aguisín III** Cairt an Íospartaigh . . . 62

# Réamhrá

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil do 2007 a chur i láthair.

Fáiltím roimh an deis cuntas a thabhairt ar an obair a rinne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le linn na bliana féilire 2007 a chur os comhair an phobail. Ar ndóigh ionchúiseamh cásanna coiriúla an phríomhchuid den obair sin. Tá eolas staitisticiúil mionsonraithe a bhaineann leis an réimse sin dár gcuid oibre i gCaibidil 8 den tuarascáil seo agus tá súil agam go mbeidh sé úsáideach agus mar fhoinse eolais araon. Tháinig ardú ar mhéid agus ar chastacht obair chomhaid ionchúisimh na hOifige araon arís i 2007, agus tháinig ardú de 2.2% ar líon na gcásanna a tarchuireadh chun na hOifige le linn na bliana.

Táim sásta a thuairisciú gur ceapadh Ceann an Aonaid Polasaí Ionchúisimh nuabhunaithe ag deireadh 2007 agus go ndeachaigh an t-aonad i mbun oibre i mí Eanáir 2008. Cheap mé le fada go raibh Aonad Polasaí ag teastáil chun díriú ar bhuncheisteanna polasaí fadtréimhsigh, chun bainistiú a dhéanamh ar fhreagairtí ar thograí maidir leis an bpolasaí ceartais choiriúil náisiúnta agus idirnáisiúnta faoina lorgaítear ár gcuid tuairimí go minic, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair ar nós treoirlínte agus caighdeán d'ionchúisimh, agus chun tograí a fhorbairt agus a fheidhmiú chun cúnamh a thabhairt maidir le cur chuige comhleanúnach a chinntiú i gcinntí ionchúisimh chomh maith lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach á fheidhmiú ag abhcóidí agus ag aturnaetha agus cásanna á gcur i láthair acu thar ceann na hOifige. Is forbairt a bhfearfar na mílte fáilte roimpi é teacht an aonaid nua.

Bhí tabhairt chun críche an scrúdaithe ar an bpolasaí reatha atá ag an Oifig gan na cúiseanna le cinntí ionchúisimh a thabhairt d'íospartaigh coiriúlachta nó do theaghlaigh íospartach éagtha ar cheann de



na forbairtí is suntasaí le linn 2007. Dar liomsa, dá bhféadfaí teacht ar bhealach chun na cúiseanna sin a thabhairt do na híospartaigh gan éagóir a dhéanamh ar dhaoine eile, gur chóir dúinn iarracht a dhéanamh é sin a chur i ngníomh, ar mhaithe le cothromacht d'íospartaigh. Mar chuid den scrúdú bhí anailís mhionsonraithe ar pholasaithe na seirbhísí ionchúisimh i ndlínsí eile; dlí-eolaíocht na hÉireann maidir le déanamh cinnidh; agus dlí-eolaíocht na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine. Tugadh Plépháipéar a imlíníonn an anailís chun críche ag deireadh 2007 agus rinneadh é a fhoilsiú d'fhonn díospóireacht a spreagadh agus d'fhonn tús a chur le próiseas comhchomhairle poiblí fadréimseach. Ag tráth seo a scríofa, tá na haighneachtaí go léir a fuarthas agus na tuairimí go léir a nochtadh le linn an phróisis chomhchomhairle á mbreithniú ag m'Oifig. Tá súil agam go mbeidh mé in ann teacht ar chinneadh críochnaitheach maidir leis an ábhar go luath.

Tá fadhbanna suntasacha fós ag ár n-Oifig i ndáil le cóiríocht. Táimid lonnaithe go fóill in dhá fhoirgneamh agus táimid le dul isteach sa tríú foirgneamh ag deireadh 2008, agus muid ag fanacht le hathlonnú go suíomh amháin. Baineann go leor fadhbanna lena bheith scartha go fisiciúil mar sin ó thaobh comhtháthaithe agus forbartha de, agus i dtéarmaí praiticiúla chomh maith, mar gur gá dúbláil a dhéanamh ar na seirbhísí agus ar ndóigh dá bharr nílimid in ann oibriú chun an leibhéal éifeachtachta is fearr. Táimid ag tnúth áfach, san fhadtéarma, leis an aistriú atá beartaithe go suíomh amháin taobh le coimpléasc nua na cúirte coiriúla atáthar a thógáil faoi láthair ar Shráid Gheata na Páirce.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na hOifige go léir as an obair dhícheallach a rinne siad i mbliana, agus as a ndíogras agus a dtiomantas maidir le seirbhís ionchúisimh a sheachadadh atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach. Gabhaim buíochas leis na haturnaetha stáit agus leis na habhcóidí a fheidhmíonn ar mo shon, a chuireann aghaidh phoiblí na hOifige i láthair agus a dhéanann sin ar bhealach an-ghairmiúil. Ní mór dom buíochas a ghabháil leis na Gardaí agus leis na gníomhaireachtaí imscrúdaithe eile lena n-oibrímid as an obair fhíorluachmhar a dhéanann siad.



James Hamilton
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Meitheamh 2008

# RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# 1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

**1.1** Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

**1.2** Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.3** Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Feidhmíonn Rannán na nAturnaetha, a bhfuil an Príomh-Aturnae Ionchúiseamh ina cheannaire air, mar phríomhaturnae an Stiúrthóra agus cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

**1.4** Áirítear ar obair na hOifige:

- na comhaid imscrúdaithe coiriúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a thionscnamh nó cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh a bheidh tionscnaithe cheana féin ag an nGarda Síochana agus comhairle a thabhairt maidir le haon imscrúduithe eile a mbeidh gá leo chun ionchúiseamh a thosú nó leanúint ar aghaidh leis
- cinneadh a dhéanamh maidir leis na cúisimh a thabharfar agus aon chúisimh a mbeifear tar éis iad a thabhairt a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcruthúnas agus na hábhair eile a bheidh le tabhairt i láthair don chúirt agus don chúisí, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hábhar nár úsáideadh a nochtadh don chosaint

- ionchúisimh choiriúla a chur i láthair i gcúirteanna dúiche Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath agus achomhairc a eascraíonn astu a chur i láthair sa Chúirt Chuarda
- na hionchúisimh choiriúla indíotáilte go léir a bheidh liostaithe i mBaile Átha Cliath a ullmhú agus a chur i láthair – lena n-áirítear triail sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil
- Abhcóide a ainmniú agus a theagasc sna cúirteanna trialach éagsúla chomh maith leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Chúirt Achomhairc Choiriúil
- teagasc a thabhairt maidir le hionchúiseamh i dtrialacha coiriúla a stiúradh lena n-áirítear cinntí a eisiúint faoi na ceisteanna dlí agus na beartais phoiblí éagsúla a éiríonn le linn imeachtaí coiriúla
- dul i gcomhairle de réir mar is gá le hAbhcóidí, le haturnaetha stáit áitiúla, le comhaltaí den Gharda Síochána agus le finnéithe gairmiúla
- cinntí a dhéanamh maidir le táillí Abhcóidí a bheidh ag gníomhú thar ceann an Stiúrthóra agus na táillí sin a urscaoileadh
- cinntí a dhéanamh maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir achomhairc, lena n-áirítear achomhairc ar mhodh cáis shonraithe, a thabhairt nó ar chóir dul i ngleic leo agus imeachtaí ar athbhreithniú breithiúnach a thabhairt agus a chosaint
- iarratais ar bhannaí agus *habeas corpus* a éiríonn as imeachtaí coiriúla a chosaint
- pianbhreitheanna a mheastar a bheith ró-thrócaireach a tharchur chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil
- gearáin agus líomhaintí ó dhaoine den phobal maidir le déanamh cionta coiriúla a bhreithniú agus, de réir mar is cuí, a tharchur chuig Coimisinéir an Gharda Síochána
- breithniú comhad a chuir an Bord um Ghearáin i gCoinne an Gharda Síochána agus níos déanaí Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána isteach
- doiciméid a mbeidh gá leo chun iarratais ar eiseachadadh isteach sa Stát a phróiseáil, a dhréachtú agus a shocrú
- iarratais ar chúnamh frithpháirteach idirnáisiúnta maidir le nithe coiriúla a dhréachtú agus a dhéanamh
- bheith rannpháirteach i gcoistí agus grúpaí oibre a bhaineann le dlí agus imeachtaí coiriúla agus cur leo; cláir speisialta oiliúna maidir le gnéithe d'ionchúiseamh coireachta don Gharda Síochana a éascú; agus comhdhálacha a eagrú i dtaobh nithe a bhaineann le ceartas coiriúil chun tairbhe ár ngeallsealbhóirí
- comhoibriú agus a bheith rannpháirteach i gcomhthionscnaimh le gníomhaireachtaí eile atá freagrach as gnéithe den cheartas coiriúil, lena n-áirítear an Garda Síochána; na Coimisinéirí Ioncaim; an tÚdarás Iomaíochta; an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach; an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; gníomhaireachtaí ionchúiseamh eile; an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí; an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta; an Paiteolaí Stáit; An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre; Oifig an Ard-Aighne; chomh maith le heagraíochtaí eile a chuireann ionadaíocht ar fáil do leasanna íospartach.

# 2 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

**2.1** Chuir Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tús le cur i bhfeidhm a Ráitis Straitéise trí bliana don tréimhse 2007 – 2009 i mí Eanáir 2007. Cuireadh síos ar na príomhthosaíochtaí don Oifig le linn na tréimhse sin mar chothabháil caighdeán in ionchúisimh; freagrachtaí nua a cuireadh i leith na hOifige a bhainistiú; agus leanúint ar aghaidh leis an gclár oibre a bhaineann leis an státseirbhís a thabhairt cothrom le dáta.

**2.2** Rinne an Ráiteas Straitéise cur síos chomh maith ar roinnt dúshlán don Oifig, lena n-áiríodh tabhairt chun críche idirbhearta chun an fhreagracht as an tSeirbhís Aturnae Stáit a aistriú chuig an Oifig, seirbhís a phléann le trialacha coiriúla lasmuigh de Bhaile Átha Cliath; íospartach na coire a chur i gcroílár an chórais cheartais choiriúil gan dochar a dhéanamh don phrionsabal atá ann go ndéanann an Oifig ionadaíocht ar dhaoine na hÉireann ina hiomláine; agus cinnte a dhéanamh de go gcuirtear an ról nua maoirseachta a bronnadh ar an Oifig le halt 8(4) d'Acht an Gharda Síochána 2005 i ndáil le hionchúisimh a thugann baill an Gharda Síochána cuig an gCúirt Dúiche i gcrích go héifeachtach.

**2.3** Déanann an chaibidil seo cur síos ar an dul chun cinn a rinne an Oifig i rith 2007 maidir leis na cuspóirí a leagadh amach ina Ráiteas Straitéise a sheachadadh agus maidir leis na forbairtí a tharla d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin os comhair na hOifige le linn an ama sin.



**THUAS:** Aturnaetha Stáit ar ócáid d'fhonn aistriú Sheirbhís na nAturnaetha Stáit ón Ard-Aighne go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chomóradh.
**Ó CHLÉ (chun deiridh):** Seamus Boyle, Cill Dara Thuaidh; Frank Hutchinson, Port Láirge; Hugh Sheridan, Sligeach; Kevin O'Doherty, Loch Garman; John Brosnan, Corcaigh Thoir Theas; Barry Healy, Muineachán; Gerry Meaney, Cill Chainnigh; Seamus Hughes, Maigh Eo; Kieran Madigan, Ros Comáin; Michael D. Murray, Cathair Luimnigh; Rory Benville, Cill Mhantáin Thoir; Mark Connellan, an Longfort; Ciaran Liddy, Dún na nGall. **Ó CHLÉ (chun tosaigh):** Malachy Boohig, Corcaigh Thiar Theas; Geraldine Gillece, Cill Dara Theas; Declan Hoban; Barry Donoghue; Director; Claire Loftus; Frank Nyhan, Corcaigh Thoir Thuaidh; Peter Jones, an Iarmhí; Rory Hayden, An Cábhán; Martin Linnane, an Clár.

## Timpeallacht Dlí

**2.4** Ba é ceann de na forbairtí ba shuntasaí i rith 2007 cur i gcrích aistriú na Seirbhíse Aturnae Stáit ón Ard-Aighne go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Shínigh an Taoiseach Ionstraim Reachtúil an 15 Bealtaine 2007 ag tabhairt éifeacht don aistriú tar éis idirbhearta fada faoi chonarthaí nua a leag amach tiomantais shainiúila agus chuimsitheacha seachadta seirbhíse. Ba é an t-aistriú an moladh deiridh don Ghrúpa Staidéir um Chóras Ionchúiseamh Poiblí le cur i bhfeidhm agus is éacht ollmhór é don Oifig. Tugadh faoi mhéid shuntasach oibre sa chuid deireanach de 2007 maidir le struchtúir a chur i bhfeidhm le haghaidh riaradh agus bhainistiú na Seirbhíse Aturnae Stáit. Mar chuid den tionscnamh sin, thug an Príomh-Aturnae Ionchúiseamh faoi chlár taithíoch ar thug sí cuairt ar aturnaetha stáit timpeall na tíre mar chuid de. Dhaingnigh an clár gaolmhaireachtaí idir an Oifig agus na haturnaetha stáit agus chuir sé deis ar fáil chun saincheisteanna sonracha chomh maith le saincheisteanna de chineál straitéiseach níos ginearálta a phlé.

**2.5** Forbairt eile thábhachtach a tharla i rith 2007 ab ea cead a fháil chun Aonad um Beartas Ionchúisimh a chruthú laistigh den Oifig. Beidh an tAonad freagrach as beartas ionchúisimh a chur le chéile agus as comhairle a thabhairt maidir le cáipéisí beartais a tarcuireadh chuig an Oifig seo le breathnú a dhéanamh orthu. Roghnaíodh Ceann an Aonaid Bheartais faoi mhí na Nollag 2007 tar éis comórtais oscailte, cé nár ghlac an ceapaí leis an gceapachán go dtí an 2 Eanáir 2008. Reáchtáladh comórtas eile ag tús 2008 le haghaidh poist mar Leas-Cheann an Aonaid.

**2.6** D'fhonn a thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair atá déanta ag an Oifig seo le blianta beaga anuas maidir le coigistiú na bhfáltas ó choireacht, rinneadh an cinneadh chun aonad a bhunú a bheadh tiomanta do na nósanna imeachta um aisghabháil sócmhainní a fhorbairt a thuilleadh. Bunaíodh an tAonad um Choigistiú Sócmhainní laistigh den Oifig i mí Lúnasa 2007 agus ceapadh bainisteoir sinsearach mar Cheann an Aonaid. Déantar mionchur síos ar obair an Aonaid i gCaibidil 5 den tuarascáil seo.

**2.7** Tháinig Alt 8 d'Acht an Gharda Síochána i bhfeidhm an 1 Feabhra 2007. Cruthaíonn an t-alt ról nua maoirseachta don Oifig seo i ndáil le hionchúisimh a thugann baill den Gharda Síochána chuig an gCúirt Dúiche. D'eisigh an Oifig seo Treorú Ginearálta don Gharda Síochána i mí Eanáir 2007 a raibh treoracha ann a bhain leis an institiúid agus stiúradh ionchúiseamh ag an nGarda Síochána. D'fhoilsigh an Oifig seo eagrán athbhreithnithe dár dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí chomh maith agus réamheolas faoi alt 8 den Acht á chur san áireamh. Tugadh cóipeanna de na Treoirlínte don Gharda Síochána le dáileadh ar shairsintí, cigirí agus ceannfoirt a bhfuil freagracht feidhme orthu as tosú agus bainistiú na n-ionchúiseamh faoin Acht.

**2.8** Lorgaíodh cead i rith 2007 chun baill foirne bhreise a earcú de bhun freagrachtaí dlí leathnaithe agus níos coimpléascaí a bheith á gcomhlíonadh ag an Oifig agus fuarthas an cead sin. Ar an iomlán, fógraíodh sé phost trí earcaíocht oscailte, lena n-áirítear an post mar Cheann an Aonaid um Beartas Ionchúisimh. Ina theannta sin, rinneadh poist dlí as roinnt ceapachán ag leibhéil éagsúla sna Rannáin



**THUAS:** Kate Mulkerrins a ceapadh i bpost Cheannasaí Aonad an Pholasaí Ionchúisimh.

Aturnaetha agus Stiúrtha den Oifig. Áiríodh orthu sin ceapadh Leas-Phríomhaturnae Ionchúiseamh i mí Iúil 2007. Faoi dheireadh 2007 ba ionann lánlíon na mball foirne don Oifig agus 203, i gcomparáid le 174 ag an am céanna den bhliain roimhe sin.



**2.9** Déanann an Oifig infheistiú mór in oiliúint dlí agus fhorbarthach do bhaill foirne ghairmiúla agus aitheantas á thabhairt aici gur acmhainn fhíorthábhachtach í an fhoireann maidir le seirbhísí a sholáthar. Úsáideadh €141,347.20 den €494,014 (4.28% de chostais phárolla) a infheistíodh in oiliúint agus forbairt foirne i rith 2007, go sonrach chun oiliúint dlí a chur ar fáil, lena n-áirítear freastal ar sheimineáir agus comhdhálacha dlí, go náisiunta agus go hidirnáisiúnta araon.

**2.10** Déanann Grúpa Stiúrtha Oiliúna Dlí na hOifige monatóireacht agus athbhreithniú ar riachtanais oiliúna agus déanann sé maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm cláir um oideachas leanúnach dlí a reáchtáiltear do bhaill foirne ghairmiúla.

**2.11** Ar mhaithe le comhtháthú agus forbairt an dá rannáin dlí den Oifig atá lonnaithe in dhá fhoirgneamh ar leithligh, lean an Oifig ar aghaidh i rith 2007 le cur i bhfeidhm cláir um Chruinnithe Líonra Dlí. Cuireann na cruinnithe sin deis ar fáil do bhaill foirne chun teacht le chéile le comhghleacaithe ar bhonn rialta d'fhonn saincheisteanna ábharthacha dlí a phlé agus d'fhonn spreagadh a thabhairt do líonrú trasna an dá rannán dlí. Reáchtáladh ceithre chruinniú den saghas sin i rith 2007 agus áiríodh ar na hábhair a clúdaíodh Fianaise agus an tAcht um Cheartas Coiriúil 2006.

**2.12** Lean an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise ar aghaidh i rith 2007 chun faisnéis thráthúil ábhartha cothrom le dáta a chur ar fáil do bhaill foirne trí chóras bainistíochta na leabharlainne, a cartlann dhigiteach agus seomra cuimsitheach d'acmhainní leictreonacha. Rinne an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise forbairt ar Chlár Oiliúna Scileanna Faisnéise chomh maith i rith 2007 chun spreagadh a thabhairt d'úsáideoirí an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní leabharlainne agus chun cur lena gcumais aisghabhála faisnéise. Dhírigh an chéad mhodúl den chlár ar fhios gnó dlíthiúil agus faisnéis inmheánach dhlíthiúil atá ar fáil ar iLink. Cuireann an chatalóg iLink rochtain ar fáil ar an mbailiúchán leabharlainne, cuntais phearsantaithe leabharlainne agus ár seomra lán d'acmhainní leictreonacha. Dhírigh an dara modúl ar an mbailiúchán nua irisleabhar dlí leictreonach, ar sheirbhís roinnte í le hOifig an Ard-Aighne agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

## Bainistíocht Straitéiseach

**2.13** Bhí an Oifig dírithe i gcónaí i rith 2007 ar raon saincheisteanna bainistíochta straitéisí ag féachaint do sholáthar seirbhíse éifeachtaí agus éifeachtúla ar ardchaighdeán a chinntiú. Áiríodh ar na tionscnaimh athruithe eagraíochtúla, raon tionscnamh Acmhainní Daonna, mórthionscadal IT agus forbairt chóras reatha IT chun éifeachtúlachtaí agus leibhéil na seirbhíse a mhéadú do sholáthraithe agus baill foirne araon.

**2.14** Cuireadh Prótacal Tarmligin i gcrích idir Rannán Stiúrtha agus Rannán Aturnaetha na hOifige lenar féidir, i gcásanna iomchuí, le haturnaetha

**THUAS:** Eileen Creedon a ceapadh i bpost an Leas-Phríomh-Aturnae Ionchúisimh.

sa Rannán Aturnaetha cinntí ionchúisimh a dhéanamh gan tagairt a dhéanamh don Rannán Stiúrtha. Laghdóidh sé sin ar deireadh líon na gcomhad atá á gcur ar aghaidh chuig an Rannán Stiúrtha le cinneadh a dhéanamh orthu agus seachnófar dúbailtí oibre ar an mbealach sin agus cuirfidh sé próiseáil níos tapúla agus níos éifeachtaí chomhad chun cinn i roinnt catagóirí cionta.

**2.15** Cuireadh comhaontú i gcrích i rith 2007 mar thoradh ar phlé idir an lucht bainistíochta agus ceardchumainn, go n-osclófar na harduithe céime inmheánacha go léir chuig phoist dlí laistigh den Oifig do bhaill foirne dlí san dá Rannán de chuid na hOifige. Beidh comórtais um ardú céime níos iomaíche mar thoradh ar chomhaontú faoi ardú céime trasrannáin trí ghrúpa na n-iarrthóirí a bheidh in ann a chur isteach ar phoist ardaithe chéime a leathnú agus cuirfidh sé deiseanna gairme níos leithne ar fáil do bhaill foirne ghairmiúla. Beidh feidhm aige chomh maith maidir le comhtháthú níos mó idir baill foirne ón dá rannán dlí a chur chun cinn.

**2.16** Leathnaíodh an dáta feidhmithe do chur i gcrích an chórais nua um Rianú Cásanna, Bainistíochta Cáipéise agus Comhad, i rith na bliana d'fhonn éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt bhogearraí a bhí níos casta ar deireadh ná mar a measadh ar dtús. Glacadh níos mó ama chomh maith chun sreabhadh oibre uathoibrithe a fhorbairt agus a thástáil chun a thacú le hobair na hOifige ná mar a measadh ar dtús. Ní mór, áfach, an mhoill sa chur i bhfeidhm a chur i gcothromaíocht leis an ngá atá ann chun a chinntiú go dtagann an táirge deiridh leis an gcaighdeán éilithe agus nach ndéanann sé dochar do dhea-oibriú na seirbhíse ionchúisimh. Ní imreoidh an mhoill tionchar ar chostas foriomlán an chórais toisc go bhfuil sé á fhorbairt faoi chonradh costas seasta.

**2.17** Feidhmeoidh an chórais um Rianú Cásanna, Bainistíochta Cáipéise agus Comhad mar phointe singil rochtana dár gcásanna dlí ar fud an dá rannán dlí agus cuirifidh sé córas comhtháite ar fáil chun comhaid ionchúisimh ar fud na heagraíochta a bhainistiú. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ón gcéad tástáil ar úsáideoirí i rith na bliana, idir úsáideoirí riaracháin agus dlí, an-dearfach ar fad. Is é mí Dheireadh Fómhair 2008 an dáta nua feidhme le haghaidh chur i bhfeidhm an chórais agus meastar anois, agus an cháipéis seo á scríobh, go bhfuilimid chun an spriocdháta sin a chomhlíonadh.

**2.18** Thuairiscíomar inár dTuarascáil Bhliantúil dheireanach, go raibh uasghrádú á dhéanamh ar ár mbogearraí cuntasaíochta chun éascaíocht a dhéanamh d'íocaíochtaí a phróiseáil le Ríomhaistriú Airgid. Leanamar ar aghaidh i rith 2007 ag féachaint don tsaoráid sin a leathnú amach chuig líon méadaitheach ár soláthraithe. Faoi dheireadh 2007, bhí thart ar 70% dár soláthraithe rialta, lena n-áirítear, abhcóidí ar ár bpainéal ionchúisimh, á n-íoc go leictreonach. Chuir sé sin feabhsú mór ar éifeachtúlacht agus slándáil na n-íocaíochtaí. Cuireadh íoc speansas le baill foirne trí ríomhaistriú airgid a úsáid i bhfeidhm go hiomlán ag tús 2007, a bhfuil na héilimh go léir taistil agus cothaithe á bpróiseáil go leictreonach anois mar thoradh air.

**2.19** Ghlac an Oifig seo an fhreagracht as íoc na speansas taistil agus teagmhasach leis na haturnaetha stáit go léir tar eis aistriú na Seirbhíse Aturnae Stáit chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i mí na Bealtaine 2007. Cinneachadh an fhreagracht as na híocaíochtaí go léir dlite do na haturnaetha stáit faoina gconarthaí don Oifig seo ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit an 1 Eanáir 2008. Cé go bhfuil méadú suntasach san obair don Oifig i gceist leis sin, cuireann sé ar ár gcumas seirbhís níos éifeachtaí agus níos líomhchóirithe a sholáthar go díreach ón Oifig seo d'aturnaetha an stáit.

**2.20** Rinneadh ár gcóras cuntasaíochta Integra a mhodhnú i gcaitheamh na bliana chun éascaíocht a dhéanamh do chur i bhfeidhm an chomhéadain nua le hOifig an Phámháistir Ghinearálta. Tugadh oiriúnú éilithe ár bpacáiste chuntasaíochta chun críche i mí Lúnasa 2007 agus éiríodh go maith lena chur i bhfeidhm. Aistrítear mionsonraí ár n-idirbheart airgeadais go leicreonach anois chuig chóras an Phámháistir Ghinearálta. Feabhsóidh an modhnú slándáil na n-íocaíochtaí agus déanfaidh sé nósanna imeachta casta a ghlac roinnt mhaith oibre roimhe seo a uathoibriú.

**2.21** Chuir an Oifig a chéad Ráiteas Vóta Aschuir faoi bhráid Choiste na Dála um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí in 2007. Is príomhghné í an

Ráiteas de na bearta leasaithe um Buiséad agus Meastacháin a d'fhógair an tAire Airgeadais in 2006. Dearadh é chun nasc a chruthú idir na príomh-aschuir agus tionchar straitéiseach agus acmhainní airgeadais agus soláthair foirne don bhliain. Tá cóip den Ráiteas Aschuir faoi iamh le hAguisín I den tuarascáil seo.

**2.22** Ceapadh baill den fhoireann dlí mar Oifigeach Costas tiomanta laistigh den Rannán Aturnaetha i mí an Mhárta 2007. Is í an fheidhm aonair atá ag an Oifigeach Costas na comhaid go léir a phróiseáil inar bronnadh costais ar Stiúrthóir nó ina choinne nó ina coinne. Bhunaigh an Oifig Grúpa Costas i mí na Samhna 2007 chomh maith. Is í freagracht an ghrúpa ardleibhéil seo imscrúdú a dhéanamh ar an mbeartas atá againn maidir le costais agus feidhmiú mar ghrúpa stiúrtha um íoc costas dlí na hOifig agus um aisghabháil chostas a bronnadh inár bhfabhar.

**2.23** Lean an Oifig ar aghaidh i rith 2007, ag déanamh monatóireacht in éineacht leis an Ionad um Fhorbairt Bhainistíochta agus Eagraíochtúil sa Roinn Airgeadais, ar ár gCóras Bainistíochta Acmhainní Daonna Peoplesoft tar éis an tionscadail uasghrádaithe in 2006. Chuir an tIonad um Fhorbairt Bhainistíochta agus Eagraíochtúil oiliúint ar fáil ar Pension Pages, saoráid a úsáidfear chun mionsonraí pinsin do gach ball foirne a ionchur ar an gcóras. Chomh maith leis sin, tá taifead déanta de mhionsonraí Fhoirmeacha Athbhreithnithe Bhliantúil an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Ghníomhúcháin ar an gCóras Bainistíochta Acmhainní Daonna Peoplesoft.

**2.24** Tá an Oifig rannpháirteach chomh maith sa tástáil a dhéantar ar an nasc géineasach do Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna Peoplesoft agus Vision Time (Córas Ama agus Tinrimh) a bhfuil úsáid phíolótach á bhaint ag Roinn an Taoisigh as. Táthar ag súil go mbeidh an t-éadan i bhfeidhm san Oifig seo faoi dheireadh 2008. Nuair a bheidh sé i bhfeidhm, gheobhaidh an nasc réidh le dúbailt iontrálacha sonraí agus méadófar éifeachtúlacht mar thoradh air sin.

**2.25** Cuireadh an tsamhail nua den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin i bhfeidhm i rith 2007. Déanann an tsamhail nua próisis mhéasúnachta le haghaidh faomhadh incrimintí, sannadh scálaí níos airde agus ardú céime a chomhtháthú sa tsamhail reatha an Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin. Thug an Oifig faoi iarracht thrialach ar an tsamhail chomhtháite i rith 2006, agus ina dhiaidh sin thug foghrúpa de chuid ár gCoiste Comhpháirtíochta faoi shuirbhé ar a chur i bhfeidhm. Léirigh torthaí an tsuirbhé go raibh a thuilleadh treorach ag teastáil ó bhainisteoirí agus baill foirne maidir le gnéithe áirithe den tsamhail nua. Mar thoradh air sin, socraíodh ceardlanna agus oiliúint bhreise do bhainisteoirí agus baill foirne. Bhí an tsamhail nua chomhtháite i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí na Nollag 2007.



**2.26** Chomhaontaigh Foghrúpa ár gCoiste Comhpháirtíochta ar nósanna imeachta nua promhaidh. Cuirfear mionsonraí ar fáil do mhaoirseoirí agus bainisteoirí faoi na nósanna imeachta sin, a dhéanann foráil d'ionduchtú agus bainistíocht ball foirne nua a ceapadh faoin tréimhse conartha phromhaidh bliain amháin, mar a leagtar amach in Acht Rialaithe na Státseirbhíse 2005. Tabharfar na ceanglais ábhartha rialaithe státseirbhíse san áireamh mar chuid den oiliúint.

**THUAS:** Chartlotte Points, Comhairleoir Oiliúna, ag déanamh soirbhis ar cheardlann oiliúna maidir le Samhail Slánchóirithe an Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin i mí na Nollag 2007.

## Rialachas

**2.27** Lean an Oifig i rith na bliana 2007 ag cur oiread eolais agus ab fhéidir ar fáil don phobal maidir leis na bealaí a gcomhlíontar feidhmeanna na hOifige, trí Thuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise, Treoirlínte Ionchúisitheoirí agus leabhráin eolais a fhoilsiú. Bíonn an suíomh gréasáin freisin ina fhoinse eolais ag an bpobal agus tá réimse eolais ar fáil ansin faoin gcaoi a n-oibríonn an Oifig. Tugadh 85,434 cuairt in iomláine ar an suíomh gréasáin i rith na bliana 2007, líon is ionann le hardú 30% i gcomparáid le figiúr na bliana 2006.

**2.28** Is den riachtanas é go mbeadh muinín ag an bpobal as iontaofacht an eolais a chuireann an Oifig seo ar fáil. Dá bhrí sin, tá Coiste Iniúchta ar bun ar a leagtar de chúram athbhreithniú a dhéanamh de réir córais ar ghnóthaí rialála agus ar nósanna rialachais san Oifig. Bíonn ról ag an gCoiste i gcur chun cinn an dea-chleachtais i gcúrsaí cuntasaíochta, i gcinntiú go dtarlaíonn cinntí níos fearr agus iad lán eolais agus go mbíonn béim níos mó ar luach an airgid ar fud na heagraíochta. I rith na bliana 2007, scrúdaigh an Coiste Iniúchta an Phleanáil maidir le Leanúnachas Gnó san Oifig; rinneadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialáil inmheánach; agus tugadh faoi athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm maidir le bearta a moladh i dTuarascálacha Iniúchta roimhe sin.



**2.29** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí dúthrachtach maidir le clár nuachóiriúcháin na seirbhíse poiblí agus cuireadh dhá thuarascáil ar an dul chun cinn faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse i rith na bliana 2007 inar leagadh amach an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig maidir le maith a dhéanamh de na gealluintí a tugadh faoin gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta I dTreo 2016. Tháinig ionadaithe thar ceann na hOifige os comhair an Ghrúpa i mí Bealtaine 2007 d'fhonn eolas níos mine a chur ar fáil faoi ghnéithe éagsúla de na tuairiscí ar an dul chun cinn. Ba é meas an Ghrúpa go raibh dlite an babhta ginearálta arduithe pá a íoc arna bhunú ar an dul chun cinn a bhí bainte amach ag an Oifig le linn na dtréimhsí a bhí faoi athbhreithniú.

## Caidreamh le gníomhaireachtaí eile de chuid an Chórais Dlí Choiriúil

**2.30** Is den riachtanas maidir le seirbhís ionchúisimh sainiúil, comhtháite, éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil go mbeadh caidreamh agus comhoibriú ar siúl le gníomhaireachtaí eile a bhaineann le córas an dlí choiriúil. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm i rith na bliana d'fhonn treisiú leis an gcaidreamh le gníomhaireachtaí eile a bhaineann le córas an dlí choiriúil. Beidh de thoradh ar na tionscnaimh seo go dtabharfar caomhchóiriú ar an tseirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil trí chomhoibriú agus comhairliúchán idir na gníomhaireachtaí atá i gceist.

**2.31** Ba daoine den Gharda Síochána a chuir faoi bhráid mórchuid mhór na gcomhad ionchúisimh a tháinig chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Is den riachtanas dá bhrí sin go n-oibrítear go dlúth leis na Gardaí d'fhonn cinntiú go gcoinnítear ar an eolas iad agus go gcuirtear cora nua i gcúrsaí dlí maidir leis an ionchúiseamh i gcás cionta coiriúlachta ar a súile dóibh. Rinne baill d'fhoireann na hOifige fónamh d'aon cheann déag de chúrsaí oiliúna do dhaoine den

**THUAS:** Grianghraf tógtha ag cruinniú de chuid an Choiste Iniúchta na hOifige an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí - **Ó CHLÉ (chun deiridh):** Michael Liddy, Stiúrthóir na hOibre ar Chásanna; Clare O'Meara, O'Meara Consulting; Declan Hoban, Ceannasaí Riaracháin; Claire Loftus, an Príomh-Aturnae Ionchúisimh. **Ó CHLÉ (chun tosaigh):** Mary Keane, Leas-Stiúrthóir Ginearálta, Dlí-Chumann na hÉireann; Tom O'Higgins, Cathaoirleach an Choiste; Mary Lane, Rúnaí an Choiste Iniúchta.

Gharda Síochána i rith na bliana 2007, ó leibhéal an Gharda ar Promhadh go dtí leibhéal an Cheannfoirt.



**2.32** Lean an Oifig i rith na bliana faoi chaibidil ag déanamh cion oibre maidir le cúrsaí oiliúna Dhlí-Chumann na hÉireann. Chuir dlíodóirí ón Oifig 50 uair a chloig oiliúna ar fáil don Dlí-Chumann i rith na bliana 2007. I measc na n-ábhar a raibh trácht orthu, bhí diúscairt ar chionta indíotála; ionad na trialach; abhcóideacht; cionta maidir le trácht ar bhóithre; agus coireacht chorparáide.

**2.33** Bhí dlíodóir sinsearach de chuid na hOifige páirteach ar Ghrúpa Stiúrtha a chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar bun d'fhonn cúrsa oiliúna a chur i dtoll a chéile d'oifigigh ó na húdaráis áitiúla a leagtar de chúram orthu imscrúdú a dhéanamh maidir le bainistiú dramhaíola agus coireanna a bhaineann leis an gcomhshaol. Chuir ionadaí na hOifige comhairle ar fáil maidir lena mbíonn riachtanach ionas go n-éireodh le hionchúiseamh agus an modh inar ceart comhad imscrúdúcháin a chur le chéile. Mar gheall ar an bplé a rinne an Grúpa, tugadh dianchúrsa oiliúna chun cinn. Leagadh amach é ionas go bhféadfaí a thabhairt do ghrúpaí beaga oifigeach feidhme le linn roinnt laethanta. Reachtáladh dhá chúrsa den chineál sin i rith na bliana 2007.

**2.34** Lean an Oifig den obair i gcomhar leis an gCeannasaí Gnóthaí Dlí i gCoimisiún nua-bhunaithe Ombudsman an Gharda Síochana d'fhonn teacht ar phrótacal idir an dá oifig.




Cuirfear bonn leis an bprótacal faoin gcaidreamh idir an Oifig seo agus an Coimisiún maidir le comhaid ionchúisimh a ullmhú agus a chur faoi bhráid. Tugadh an obair ar an bprótacal chun críche ag deireadh na bliana 2007 agus síníodh thar ceann an dá oifig é i dtús na bliana 2008.

**2.35** I mí Eanáir 2007, reachtáil an Oifig an seachtú ceann de na Seimineáir Bhliantúla d'Aturnaetha Stáit. Is é cuspóir a bhíonn leis na seimineáir sin deis a thabhairt d'fhoireann na hOifige seo castáil leis an 32 aturnae stáit áitiúil a fheidhmíonn thar ceann an Stiúrthóra i gcúiseanna coiriúla taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, agus plé a dhéanamh ar chora nua i ndlí na coiriúlachta agus ar reachtaíocht nua. I measc an ábhair a pléadh le linn sheimineár na bliana 2007, bhí gnéithe den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, Urghabháil Sócmhainní agus cora nua maidir le caidreamh le híospartaigh na coireachta.

**2.36** Eagraíodh an t-ochtú Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil d'Ionchúisitheoirí in Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2007. Tugtar deis iontach leis an ócáid bhliantúil seo, a eagraíonn an Oifig, casadh leis na geallsealbhóirí agus plé a dhéanamh ar chora nua sa dlí agus ar cheisteanna faoin dlí coiriúil go ginearálta. Bhí isteach is amach le 250 toscaire i láthair ag an gcomhdháil a bhain le réimsí éagsúla oibre ar fud chóras an dlí choiriúil. I measc na n-ábhar a ndearnadh plé orthu ag an gcomhdháil, bhí Cosaint na Freagrachta Laghdaithe; Ráitis

**THUAS AR CHLÉ: Ó CHLÉ:** Raymond Kitson, An Stiúrthóir Cúnta Sinsearach, An tSeirbhís Ionchúisimh Phoiblí, Tuaisceart Éireann; James Hamilton, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí; Barry Donoghue, an Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ag an Ochtú Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil d'Ionchúisitheoirí an 19 Bealtaine 2007 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

**THUAS AR DHEIS:** James Hamilton, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ag labhairt ag Seimineár an Chumann Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh i mí Feabhra 2007.

ó Fhinnéithe mar Fhianaise; Pianbhreith an Chiontóra maidir le Drugaí; agus Ról an Ionchúisitheora maidir le Pianbhreitheanna.



**2.37** Lean Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i rith na bliana atá faoi chaibidil de pháirt a ghlacadh i ngrúpaí idirghníomhaireachtaí agus cion oibre a dhéanamh maidir leo: an Grúpa Athbhreithnithe maidir leis an gCothrom i nDlí na Coireachta; Grúpa Stiúrtha an Achta um Cheartas Coiriúil; an Grúpa Feidhme maidir le hAgallamh ar Fhístéip i gcás Finné Linbh; an Grúpa Idirghníomhaireachta maidir le Ceartas Aisiríoch; Grúpa Comhairle an Tionscnaimh Idir-rialtais maidir le Cúnamh Taca d'Íospartaigh Coireachta; an Coiste Comhairleach ar Chódú an Dlí Choiriúil; agus Grúpaí Úsáideoirí éagsúla de chuid na Seirbhíse Cúirteanna.

**2.38** Lean an Oifig de theagmháil a dhéanamh le forais acadúla d'fhonn cur lenár n-eolais agus lenár dtuiscint ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le ceartas coiriúil i 2007. Tá tús áite ag staidéar atá á dhéanamh ag Conor Hanly as Ollscoil na hÉireann, Gaillimh thar ceann Ghréasán Éigeandála um Éigniú na hÉireann i measc na dtionscadal sin. Chuireamar go mór leis an tionscadal, atá dírithe ar thuiscint níos fearr a fháil ar an ráta ard tnáite i measc na ngearánaithe i gcásanna éignithe, agus tnáitheadh, sa chomhthéacs seo, ag tagairt don laghdú atá tagtha ar líon na gcásanna a n-éiríonn leo gach céim leanúnach den phróiseas ceartais choiriúil a bhaint amach, ó stáisiún na nGardaí go dtí an chúirt.

**2.39** Bhain an pháirt a bhí againne sa tionscadal le bunábhar a chur ar fháil ar ghné ionchúisimh an staidéir. Scrúdaíodh 642 comhad éignithe ar déileáladh leo idir 2000 agus 2004, d'fhonn na cúiseanna agus na pointí tnáite a ainmniú. Trína bheith rannpháirteach sa tionscadal, tugadh deis dúinn machnamh a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá ann chun déileáil le comhaid a bhaineann le foréigean gnéis, go háirithe i dtéarmaí thráthúlacht na dtreoracha, ionas go bhféadfaimid cinneadh a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí cleachtais a fhorbairt a chuirfeadh le laghdú sa ráta gearánaithe a tharraingíonn siar.



**2.40** Ghlacamar páirt i staidéar atá á sheoladh ag an Ollamh Dermot Walsh agus Jennifer Schweppe chomh maith a scrúdaíonn éifeachtúlacht an dlí choiriúil in aghaidh ciníochais. Cuirimid sonraí faoi mhinicíocht agus faoi thorthaí ionchúiseamh ar fáil ina leith sin faoin reachtaíocht ar Ghríosú chun Fuatha. Treisíodh ár gceangal le dámha an dlí sna hollscoileanna a thuilleadh i 2007 de réir mar a leanamar lenár gclár intéirneachta do mhic léinn dlí na bliana deiridh agus d'iarchéimithe dlí.

**THUAS AR CHLÉ:** Cainteoirí ag an ag an Ochtú Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil d'Ionchúisitheoirí - Isobel Kennedy SC, An Leabharlann Dlí & Sean Guerin BL, An Leabharlann Dlí, sa ghrianghraf leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, James Hamilton.

**THUAS AR DHEIS:** James Hamilton, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa ghrianghraf le húdair *Standards for Prosecutors: an analysis of the United Kingdom national prosecuting agencies*, Barry Hancock (ar clé), iar-Chigire Sinsearach leis an Crown Prosecution Service of England & Wales agus agus iar-Abhcóide Ginearálta Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí, agus John Jackson (ar dheis), Ollscoil na Ríona, Béal Feirste.

**2.41** Bíonn baint ag an Oifig freisin le forbairt an dlí choiriúil go hidirnáisiúnta agus bhíothas páirteach i rith na bliana i roinnt tionscnamh le heagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta. Leanadh freisin ag déanamh cion oibre i gcomhlachtaí agus in eagrais idirnáisiúnta, ina measc EUROJUST; GRECO; OLAF; Eurojustice, Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; agus Comhlachas Idirnáisiúnta an Bharra.

**2.42** I mí Feabhra 2007, ag cruinniú de chuid mheitheal Oibre an OECD maidir le Forfheidhmiúchán Iomaíochta i bPáras, rinne dlíodóir ó Rannóg Stiúrtha na hOifige, i gcomhar le dlíodóir ón Údarás Iomaíochta, cur i láthair maidir leis an gcomhordú agus an comhoibriú idir ionchúisitheoirí agus na húdaráis iomaíochta i gcórais défheidhme. Díríodh go mór mhór sna haitheasca a cuireadh i láthair ar chúrsaí a bhaineann le próiseas dhéanta na gcinntí faoi ionchúiseamh agus tugadh tuairisc ghinearálta ar an ionchúiseamh mar gheall ar chionta cairtéal in Éirinn a raibh toradh fónta air.

**2.43** I mí na Samhna 2007, rinne an Oifig urraíocht ar seimineár i gcomhar le hIonad na hÉireann do Dhlí na hEorpa agus Acadamh Dhlí na hEorpa in Trier. I mBaile Átha Cliath a cuireadh an seimineár ar siúl agus bhí toscairí i láthair ó gach réimse den cheartas coiriúil. Ba é ábhar an tseimineáir *The Impact of the Fight Against Terrorism on EU Law* agus bhí cur i láthair lena linn ó chainteoirí as Éirinn agus thar sáile isteach.

**2.44** Bhí dlíodóir de chuid na hOifige seo ar dhuine de mheitheal saineolaithe idirnáisiúnta a rinne meastóireacht ar ghlacadh na Fionlainne le Coinbhinsiún Dlí Choiriúil Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú. D'iarr Stiúrthóireacht Ghinearálta Chomhairle na hEorpa maidir le Gnóthaí Dlí ar an Stiúrthóir dréacht de na dlíthe a bhí á mbeartú maidir le hoifig an ionchúisitheora poiblí sa Mholdóiv a scrúdú agus tuairim mheasta a thabhairt ar a raibh á bheartú d'fhonn treisiú leis an mbreithiúnacht sa tír sin. Chuir an Stiúrthóir dhá thuarascáil ar fáil don Chomhairle ina dhiaidh sin.

**2.45** Thug ionchúisitheoirí as Västmanland sa tSualainn cuairt ar Éirinn i mí Lúnasa 2007. Bhí clár taithí maidir le seirbhís ionchúisimh na hÉireann i gceist mar chuid den chuairt. Rinne baill d'fhoireann na hOifige cur i láthair faoi ghnéithe éagsúla de chóras dlí na hÉireann agus rinneadh freastal do chuairteanna ar Bheairic an Gharda sa Bridewell agus ar Theach na Cúirte i Sráid Greene.



**2.46** I mí na Samhna 2007, arna iarraidh air ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha, thug an Stiúrthóir cuairt oifigiúil don Bhulgáir le freastal ar chruinniú leis an Ionchúisitheoir Ginearálta. Le linn na cuairte oifigiúla sin, thapaigh an Stiúrthóir an deis roinnt oibre ullmhúcháin a dhéanamh maidir le tuairim mheasta a d'iarr Coimisiún Veinéise Chomhairle na hEorpa air a chur ar fáil faoin leasúchán ar an gcóras breithiúnachta agus ar an gcóras ionchúisimh a thagann i gceist le Bunreacht na Bulgáire.

**2.47** Bhí an Stiúrthóir ina chathaoirleach ar Mheitheal Oibre a chuir Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí ar bun le prótacal a chur le chéile ina leagtar amach na híoschaighdeáin maidir le cúrsaí slándála i ndáil le hionchúisitheoirí agus a gcuid gaolta. Chuir an Mheitheal Oibre dréacht de mholadh faoi bhráid Choiste Feidhmiúcháin an Chumainn i mí Meán Fómhair 2007 lena bhreithniú.

**THUAS AR DHEIS:** Denis Butler, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ag déanamh cur i láthair le meitheal ionchúisitheoirí as Västmanland sa tSualainn a tháinig ar cuairt chuig an Oifig i mí Lúnasa 2007.

## Ionchas an Phobail maidir leis an tSeirbhís

**2.48** Ceann de na dúshláin mhóra a chuirtear roimh an Oifig a theacht ar an mbealach is fearr leis an té a fhulaingíonn ó choireacht a chur i lár báire sa chóras dlí choiriúil gan dochar don bhunphrionsabal gur thar ceann mhuintir na tíre ar fad a fheidhmíonn an Oifig. D'fhonn beart a dhéanamh maidir leis an gceist sin, chuir an Stiúrthóir tús le scrúdú ar an bpolasaí atá i réim faoi láthair nach dtugtar le fios d'íospartach coireachta ná do ghaolta an íospartaigh nach maireann cén chúis a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tugadh an t-iniúchadh chun críche roimh dheireadh na bliana 2007. Foilsíodh Plépháipéar go luath i mí Eanáir 2008 agus tugadh dáileadh forleathan air sin chomh maith le haighneachtaí a iarraidh ó dhaoine den phobal agus ó pháirtithe leasmhara. Tugtar cóip den Achoimre Feidhmiúcháin a bhain leis an bPlépháipéar in Aguisín II leis an tuarascáil seo. Foilseoidh an Stiúrthóir an dara tuarascáil i rith na bliana 2008 nuair a bhíonn anailís déanta ar na haighneachtaí ar fad, na bearta comhairliúcháin agus a dtagann i gceist faoin dlí.



**2.49** Ar sin a iarraidh don Choimisiún maidir le Cúnamh d'Íospartaigh, leasaigh an Oifig Cairt na Seirbhíse Ionchúisimh lena chur isteach mar chuid d'eagrán nua de Chairt an Íospartaigh atá á ullmhú ag an gCoimisiún. Tugadh an obair ar an eagrán leasaithe de Chairt na Seirbhíse Ionchúisimh chun críche i mí Bealtaine 2007 agus rinne Gníomhaireacht Náisiúnta Litearthacht an Duine Fásta eagarthóireacht air maidir le Béarla gnáthúsáide. Leagtar amach ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa Chairt chomh maith leis na seirbhísí a bhféadfaidh an t-íospartach súil a bheith aige leo ón Oifig. Tá cóip den Chairt leasaithe leis an tuarascáil seo in Aguisín III.

**2.50** Lean an Oifig, i rith na bliana faoi chaibidil, den chaidreamh le háisíneachtaí taca na n-íospartach agus rinneadh cion maidir leis an oiliúint a chuireann na háisíneachtaí sin ar fáil d'oibrithe deonacha. An aidhm atá againn tuiscint níos fearr a thabhairt do dhaoine deonacha a bhíonn earcaithe ag áisíneachtaí taca na n-íospartach ar oibriú an phróiseas choiriúil agus ar ról na hOifige laistigh den phróiseas sin.

**2.51** Tá an Oifig dúthrachtach maidir le maith a dhéanamh de na dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Bíonn foilseacháin uile na hOifige dátheangach; tá suíomh gréasáin na hOifige dátheangach go huile agus go hiomlán; agus an comhfhreagras a dhéantar leis an Oifig i nGaeilge, is i nGaeilge a fhreagraítear é. Bíonn plé ag an Oifig le líon beag cásanna i nGaeilge freisin i Rannóg na nAturnaetha agus i Rannóg na Stiúrthóireachta. Tá tús curtha leis an obair ar an dara Scéim i leith na Gaeilge a bhainfidh leis an tréimhse 2008 - 2011. Meastar go mbeidh an scéim á cur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i rith an chéad leath den bhliain 2008.

**THUAS:** Cainteoirí ag an Seiminéar ar Pholasaí Ionchúisimh i Leith Cúiseanna le Cinntí Ionchúisimh a Thabhairt - **Ó CHLÉ:** Barry Hancock, iar-Chigire Sinsearach leis an Crown Prosecution Service of England & Wales agus iar-Abhcóide Ginearálta Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; Sue Moody, Leas-Cheannasaí na Rannóige Polasaí leis an Crown Office & Procurator Fiscal Service, Albain; agus, Jim McHugh, Cathaoirleach an Choimisiúin maidir le Cúnamh d'Íospartaigh Coireachta

# 3 FORBAIRTÍ DLÍTHIÚLA 2007

**3.1** Is é cuspóir atá leis an gcaibidil seo cuntas gairid a thabhairt ar chinntí agus ar chora inspéise eile den tábhacht maidir le réimse dhlí na coireachta i rith na bliana 2007.

**3.2** Mar a rinneadh blianta eile roimhe seo, roghnaíodh cúiseanna a dtugtar blas leo ar chineál na gceisteanna dlí a thagann chun cinn maidir le dlí na coireachta. Ní hé atá i gceist leis an gcaibidil seo go mbeadh léargas cuimsitheach as ar gach cor nua i ndlí na coireachta i rith na bliana.

## Pianbhreitheanna i gCásanna maidir le hÉigniú

**3.3** Sa chás *People (Director of Public Prosections) v. Drought*, gan tuairisc, An Phríomh-Chúirt Choiriúil, 4 Bealtaine 2007, thug an Breitheamh Charleton faoi anailís chuimsitheach ar phianbhreitheanna i gcásanna maidir le héigniú. Ciontaíodh an cúisí sa chás in aon chion éignithe amháin. Sular gearradh an phianbhreith, rinne an Breitheamh Charleton iniúchadh ar gach breith de chuid na nArd-Chúirteanna a tuairiscíodh agus nár tuairiscíodh a bhain le hábhar agus anailís ar na pianbhreitheanna a gearradh. Ceadaíodh freisin cásanna ar tugadh tuairisc orthu sna meáin chumarsáide. Sonraíodh ar an gcéad dul síos na prionsabail ghinearálta a bhaineann le pianbhreitheanna a ghearradh i gcásanna éignithe agus féachadh ansin leis na gnéithe nó na tosca a shonrú a mbíonn claonadh dá réir pianbhreitheanna de réimse éagsúla, idir bog agus géar, a ghearradh ar an té a chiontaítear in éigniú. Luaigh an breitheamh na nithe a bhfuil de nós ag na cúirteanna breathnú orthu mar thosca forthromaíochta agus mar thosca maolaithe.

## Glacadh le Fianaise Nua le linn Achomhairc

**3.4** Sa chás *People (Director of Public Prosections) (respondent) v. O'Regan (appellant)* [2008] 1 ILRM 247, thug an Chúirt Uachtarach na critéir maidir leis an gceist an nglacfaí le fianaise nua le linn achomhairc faoi mheas. Cúisíodh an t-achomharcóir i gcion éignithe amháin agus ciontaíodh tar éis an dara triail. Rinne an t-achomharcóir achomharc leis an gCúirt Achomhairc Choiriúil maidir leis an gciontú. I measc na bhforas achomhairc, bhí iarratas go gceadófaí fianaise úr ó bheirt finné saineolais míochaine a chur i láthair. Éistíodh an t-iarratas sin mar cheist réamhchúise. Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil an t-iarratas agus diúltaíodh anuas air sin ceist ar an gCúirt Uachtarach de bhun alt 29 an Achta um Cheartas Coiriúil 1924 a dheimhniú.

**3.5** Ar an iarratasóir sin a iarraidh, rinne an tArd-Aighne an cheist seo a leanas ar an gCúirt Uachtarach a dheimhnniú: an raibh an ceart ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil de réir na gcúinsí ar fad diúltú glacadh le fianaise saineolais arb é éirim a bheadh léi, gur chinnte nár tharla éigniú mar a bhí líomhanta ag an ngearánaí; agus gur dhócha nár tharla éigniú ar bith; agus go háirithe: (a) An dtarlaíonn ar na critéir ar ina leith a chinntear an nglacfar le fianaise úr sa Chúirt Achomhairc Choiriúil coinníoll nach raibh an fhianaise ar fáil don achomharcóir roimh an triail; nó arb é amháin a bhaineann leis an gceist sin gur toisc den tábhacht é agus a n-éileofaí de réir ceartais á i gcúinsí uile an cháis á mheas; (b) Sa chás go ndéantar iarratas maidir le fianaise úr a chur i láthair a bhí ar fáil roimh an triail, ar gá iompar ainmheasartha, míréasúnach, neamhloighiciúil, nó failíoch maidir leis an gcosaint ag an triail a dhearbhú agus a dheimhniú? I bhfreagairt na gceisteanna seo

don Chúirt Uachtarach, tugadh de bhreith go raibh an ceart ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil diúltú glacadh leis an bhfianaise nua a bhí i gceist. Tugadh de bhreith gurb iad na critéir a gcinntear dá réir má tá glacadh le fianaise úr ar achomharc a éisteacht na critéir sin a leag an Chúirt Achomhairc Choiriúil amach sa chás *Director of Public Prosections v. Willoughby*, gan tuairisc, An Chúirt Achomhairc Choiriúil, 18 Feabhra 2005: ós é a éilítear ar mhaithe le leas an phobail go gcuireann an cosantóir iomlán an cháis i láthair le linn na trialach. Níor mhór cúinsí eisceachta a chruthú sula nglacfadh an chúirt le fianaise úr le linn achomharc a éisteacht agus is trom an dualgas a bhaineann le fianaise saineolais ó tharla saineolas ar fáil ó fhoinsí go leor. Níor mhór gan eolas ar an bhfianaise tráth na trialach a bheith ar eolas agus í den sórt nach bhféadfaí bheith ag súil go réasúnach go mbeadh sí ar eolas ná faighte tráth na trialach. Níor mhór don fhianaise bheith inchreidte agus den sórt a mbeadh tionchar ábhartha den tábhacht aige ar thoradh na cúise. Ní mór an inchreidteacht agus an ábharthacht a mheas trí thagairt don fhianaise eile le linn na trialach agus ní ar leithligh. Ba é breith na Cúirte nach gá a dhearbhú ná a dheimhniú gur tharla failí maidir leis an gcosaint le linn na trialach lena n-éilítear trína leagtar amach i gcás *Willoughby* a shásamh.

## Cionta maidir le Drugaí – cibé an bhfuil gné *mens rea* ag baint le luach drugaí

**3.6** Sa chás *People (Director of Public Prosections) v. Power* [2007] 2 IR 509, bhreithnigh an Chúirt Uachtarach an mba gné riachtanach den chion in aghaidh alt 15A an Achta um Mí-Úsáid Drugaí 1977, mar a chuirtear isteach le halt 4 an Acht um Cheartas Coiriúil 1999, go mbeadh ar eolas ag an gcúisí go mb'airde luach an mhargaidh ar an ndruga rialaithe a líomhnaítear a bheith ina sheilbh ná an tsuim faoin reachtaíocht. Ba é breith na Cúirte Achomhairc Coiriúla nach n-éilítear faoi alt 15A go mbeadh luach na ndrugai a bhain leis an gcion ar eolas. Rinne an t-achomharcóir iarratas ar theastas faoi alt 29 an Achta Cúirteanna Breithiúnais 1924 agus dheimhnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh ponc dlí ag baint leis an mbreith a raibh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis, agus ionchúiseamh á dhéanamh maidir le cion in aghaidh alt 15A an Achta um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 cén ghné mheabhrach is gá don ionchúiseamh a chruthú?

**3.7** Ba é breith na Cúirte Uachtaraí nár ghá nuair a bhí ionchúiseamh á dhéanamh mar gheall ar chion in aghaidh alt 15A an Achta um Mí-Úsáid Drugaí 1977, go gcruthódh an t-ionchúiseamh go raibh eolas ag an gcúisí nó gur chóir go mbeadh eolas ag an gcúisí ar luach an mhargaidh nó luach carnaithe an mhargaidh i leith na ndrugaí rialaithe a bheith ionann le €13,000 nó os a chionn. Ba é breith na Cúirte gur ghá an ghné mheabhrach a chruthú maidir le gach gné de chion reachtúil mura bhforáiltear dá mhalairt sa reacht go sainráite nó go hintuigthe ón riachtanas. Arna léamh as féin, ní fhoráiltear dá mhalairt in alt 15A go sainráite ná go hintuigthe ón riachtanas. Ina dhiaidh sin féin, agus socrú á dhéanamh faoina gciallaíonn reacht, níor mhór don Chúirt riocht an dlí an tráth ar ritheadh an t-achtachán a thabhairt san áireamh. Ní mór Cuid II an Achta um Cheartas Coiriúil, 1994 (orduithe coigistíochta) a léamh in éineacht leis na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí 1977 agus 1984 agus is cód dlí na hAchtanna sin in éineacht le Cuid II Acht na bliana 1994. Dá réir sin, is gá don ionchúiseamh, ionas go n-éireodh le hionchúiseamh faoi alt 15A, a chruthú go bhfuil drugaí rialaithe ar luach is airde ná luach oibiachtúil áirithe ina sheilbh ag an gcúisí agus ba den *"áiféis alt 15A a fhorléiriú ar nós gur ghá don ionchúiseamh a chruthú go raibh luach na ndrugaí ar eolas aige".*

## Seanchásanna cionta gnéasacha – ionsaí mígheanasach ar an bhfireann

**3.8** Sa chás *M (S) v. Ireland & Others*, gan tuairisc, an Ard-Chúirt, 12 Iúil 2007, rinneadh a mheas an dtagann alt 62 an Achta um Chiontaí in aghaidh na Pearsan 1861 leis an mBunreacht. Cúisíodh an gearánaí i 31 cion in aghaidh alt 62 an Achta um Chiontaí in aghaidh na Pearsan 1861 arna líomhain go ndearnadh iad i rith na 1960idí agus na 1970idí. D'éiligh an gearánaí dearbhú gur sárú alt 62 an Achta um Chiontaí in aghaidh na Pearsan ar Airteagal 40.1 na Bunreachta ar an mbunús go mb'ionann é agus éagothroime dochosanta faoin dlí, ó tharla go ngearrtar pianbhreith uasta deich mbliana príosúnachta

maidir le ionsaí mígheanasach ar an bhfireann, nuair is dhá bhliain an phianbhreith uasta ar an gcéad chiontú in ionsaí mígheanasach ar an mbaineann, faoi mar a fhoráiltear dó le halt 6 Acht Leasaithe an Dlí Choiriúil 1935.

**3.9** Á dhearbhú nach raibh an phianbhreith uasta faoin reachtaíocht a bhforáiltear di in alt 62 Acht na bliana 1861 ag teacht leis an mBunreacht, dúirt an Breitheamh Laffoy go raibh dóthain seasamh faoin ngearánaí le bunreachtúlacht alt 62 a chur faoi iniúchadh ó tharla é curtha chun a thrialach agus é i ngarbhaol breithe a bhféadfadh cur isteach ar a chuid ceart ag baint léi. Dúirt an breitheamh go raibh alt 62, ar a chosúlacht, idirdhealaitheach ar fhoras inscne, ní a bheadh in aghaidh Airteagal 40.1 na Bunreachta mura mbeadh bonn ceartais faoin idirdhealú de bharr é a bheith bunaithe ar éagsúlacht cumais, cibé fisiciúil nó morálta, nó difríocht ó thaobh feidhm shóisialta idir an fear agus an bhean ar bhealach nach raibh déistineach, treallach ná guagach. Ba í breith an Bhreithimh Laffoy áfach, nach raibh aon ní in Acht na bliana 1861 ná in aon bhreithniúnas oibiachtúil ar na difríochtaí maidir le hacmhainn fhisiciúil, acmhainn morálta ná feidhm shóisialta idir fear agus bean a bheadh ina údar dlisteanach reachtaíochta le pianbhreith uasta níos géire a ghearradh i gcás ionsaí mígheanasach ar fhear ná i gcás cion den chineál céanna in aghaidh mná.

## Gearáin agus Ionchúiseamh mar gheall ar Chionta

**3.10** Sa chás *People (Director of Public Prosections) v. Monaghan*, gan tuairisc, An Ard-Chúirt, 14 Iúil 2007, ba é a bhí i gceist ar ghá gearán foirmeálta sula bhféadfaí ionchúiseamh achoimre a thabhairt. Bhain fíricí an cháis le bruíon i dteach ósta. Rinne an cúisí gearán gur ionsaíodh é. Ar an gcomhad a bhreithniú, shocraigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gurbh é an cúisí an té ba chóir a chúisiú. Cúisíodh an cúisí in ionsaí a dhéanamh ar an íospartach líomhanta agus i mí-iompar in áitreabh ceadúnaithe. Nuair a tháinig an cás lena éisteacht thug an t-íospartach líomhanta le fios nach ndearna sé riamh aon ghearán foirmeálta leis na Gardaí faoin gcúisí. D'áitigh an cúisí go raibh locht bunúsach ar chúis an ionchúisitheora ó tharla gan aon fhianaise ar fáil go ndearnadh aon ghearán foirmeálta in aghaidh an chúisí.

**3.11** Shonraigh an Chúirt Dúiche cás chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil an bhféadfaí cúisí a ionchúiseamh go hachomair i gcás ciona in aghaidh an duine nár tharla bás dá bharr nuair a bhunaítear an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh ar fhianaise a thiomsaítear de droim gearán a rinne an cúisí féin agus gan aon ghearán déanta ag duine ar bith in aghaidh an chúisí. Ba é breith na hArd-Chúirte nach raibh dlisteanas an ionchúisimh ag brath ar ghearán a bheith ar fáil. Is iad cearta an phobail a bhfuil buntábhacht leo san ionchúiseamh ar chionta coiriúla. Ní gá dá réir sin go ndéanfadh aon duine gearán faoi bheith ina íospartach, cibé an ndéantar cion dealraitheach a ionchúiseamh go hachomair nó ar díotáil. Ní raibh cur isteach ar leas an phobail i ndeireadh báire más duine seachas an té a ndearnadh an gearán ina aghaidh ar dtús a ionchúisíodh sa deireadh nó más é an té a rinne an chéad ghearán a ionchúisíodh.

## Comhthacaíocht

**3.12** Bhain an cás *People (Director of Public Prosections) v. Dolan*, gan tuairisc, An Chúirt Achomhairc Choiriúil, 3 Bealtaine 2007, le rabhadh comhthacaíochta. Achomharc atá i gceist leis an gcás in aghaidh chiontú an iarratasóra sa Phríomh-Chúirt Choiriúil in éigniú anasach agus ionsaí a d'éirigh ón eachtra chéanna. Ag deireadh na trialach sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, d'iarr abhcóid thar ceann an iarratasóra ar bhreitheamh na trialach rabhadh maidir le comhthacaíocht a thabhairt i ndáil le fianaise an ghearánaí, mar a fhoráiltear dó le halt 7(1) an Achta um an Dlí Coiriúil (Éigniú) (Leasú) 1990. Ciallaíonn rabhadh maidir le comhthacaíocht go ndeirtear leis an ngiúiré go bhféadfadh nár shlán ciontú a dhéanamh mura bhfuil fianaise neamhspleách ar fáil mar bhonn taca le tuairisc an ghearánaí. Arna dhéanamh sin don abhcóid, dúradh le breitheamh na trialach nach raibh aon ábhar a bhain leis an gcás a bhféadfaí a cheapadh gur ábhar comhthacaíochta é faoi mar a éilítear faoin dlí in Éirinn. Baineann an t-achomharc leis an gCúirt Achomhair Choiriúil leis an mbealach inar dhéileáil breitheamh na trialach leis an iarratas go dtabharfaí an rabhadh don ghiúiré.

**3.13** Ba é breith na Cúirte Achomhairc Coiriúla nach raibh i gceist leis na forais bhunriachtanais ar chosúil breitheamh na trialach ag brath orthu sa bhreithiúnas a thug sé nach dtabharfaí rabhadh gur chreid sé gur luaigh an Breitheamh McGuinness i mbreith éigin roimhe sin gurbh ionann agus masla do mhná rabhadh mar é a thabhairt agus go raibh an Chúirt Achomhairc Chóiriúil, i mbreith éigin a thug an Chúirt sin maidir le ceist an rabhaidh, ag féachaint le rialú in aghaidh dhlíthe a bhí rite ag an Oireachtas. Níorbh fhéidir teacht ar cheachtar den dá bhreith sin. Ba é breith na Cúirte Achomhairc Coiriúla nach raibh aon bhunús réasúnaithe le cinneadh bhreitheamh na trialach gan rabhaidh a thabhairt maidir le comhthacaíocht. Bhí béim ag an gCúirt ina dhiaidh sin féin ar bhreith nach bhféadfaí a bheith ag súil go dtabharfadh breitheamh trialach breith mhionsaothraithe lena linn ar gach ceist dlí a thagann chun cinn mar gheall ar rialú dá chuid nó dá cuid, ach nach mór gach rialú den tábhacht a bheith réasúnaithe agus bunaithe ar phrionsabal dlí. Níor sásaíodh ceachtar den dá riachtanas sin le cinneadh bhreitheamh na trialach sa chás seo.

## Nochtadh agus Leas na Meán Cumarsáide

**3.14** Bhí ceisteanna go leor a tugadh chun cinn sa chás *People (Director of Public Prosections) v. Dundon & Others*, gan tuairisc, An Chúirt Achomhairc Choiriúil, 25 Iúil 2007. Bhí na hiarratasóirí sa chás sin ag achomharc in aghaidh a gciontaithe i ndúnmharú Kieran Keane, san iarracht ar dhúnmharú a nia siúd, Owen Treacy, agus i bpríosúnú neamhdhleathach na beirte acu. Ní raibh aon chur in aghaidh baint a bheith ag na heachtraí le bearta leanúnacha foréigin idir dronga i Luimneach. D'áitigh na hiarratasóirí nach mb'iontaofa na ciontuithe ar fhorais go leor. Áitíodh, i measc nithe eile, gur tharla mainneachtain i gcás an ionchúisimh nochtadh iomlán a dhéanamh do lucht na cosanta roimh an triail agus nár cheart go dtarlódh triail ar bith mar gheall ar an tsuim a bhí ag an bpobal ann agus an trácht a bhí sna meáin chumarsáide air.

**3.15** Maidir leis an áiteamh gur theip ar an ionchúiseamh nochtadh iomlán a dhéanamh do lucht na cosanta roimh an triail, ba é breith na Cúirte Achomhairc Coiriúla nár chuir nochtadh mall an ábhair maidir le heachtraí ar i ndáil leo a gabhadh Owen Treacy go mór leis an eolas a bhí ag lucht na cosanta cheana féin faoi chomhluadar Owen Treacy, ciontuithe roimhe sin, a chuid iontaofachta agus an bhaint a bhí aige le coireacht agus achrann drongchoirpeachta. Anuas air sin, ba é breith na Cúirte gur beag ábhar breise don chroscheistiú a bhí as an ábhar nár nochtaíodh. Luaigh an Chúirt nárbh ionann sin agus a rá go bhfuil aon cheart ag an ionchúiseamh neamhaird a dhéanamh den dualgas faoi leith atá air nochtadh iomlán a dhéanamh, seachas i gcomhthéacs fhíricí agus chúinsí an cháis, nach raibh an neamh-chomhlíonadh maidir le gach cáipéis uile go léir a mbeadh tagairt iontu do Owen Treacy a chur ar fáil chomh tromchúiseach agus a d'fhéadfadh a bheith i gcás eile.

**3.16** Maidir leis an bhforas achomhairc i ndáil leis na meáin chumarsáide agus poiblíochta, luaigh an Chúirt nárbh ionadh mór gur tharraing triail na n-iarratasóirí aird fhorleathan nuair a thugtar san áireamh gur cúis mhór buartha ar fud na tire ar fad an t-achrann leanúnach drongchoirpeachta i Luimneach. Á chur sin san áireamh, ba é breith na Cúirte nár dhóigh gurbh indéanta giúiré a rollú a mbeadh na comhaltaí aineolach ar fad ar na deacrachtaí sin. Dhiúltaigh an Chúirt chomh maith d'áiteamh lucht na cosanta gur cheart an triail a bheith curtha ar athló d'fhonn ligean do chúrsaí 'fuarú'.

## Fianaise Cúlra ar Mhí-Iompar i gCásanna maidir le Mí-Úsáid Ghnéis

**3.17** Sa chás *Director of Public Prosecutions v. McNeill*, gan tuairisc, An Chúirt Achomhairc Choiriúil, 31 Iúil 2007, breithníodh an cheist maidir le fianaise ar mhí-iompair i gcásanna faoi mí-úsáid gnéis arís agus arís eile. Bhain an cás seo le líomhaintí faoi mhí-úsáid gnéis in aghaidh an chúisí, fear idir leathchéad bliain agus trí fhichead bliain, i rith na tréimhse ina raibh an gearánaí idir ocht mbliana agus seacht mbliana déag d'aois. Ciontaíodh an cúisí in ocht gcinn de chionta gnéasacha le linn na tréimhse sin. I rith thriail an iarratasóra, glacadh le fianaise inar cuireadh síos go mion ar an gcaidreamh idir an gearánaí agus an cúisí, fianaise san áireamh ar mhí-úsáid nach mb'ábhar d'aon chúis faoi leith. Bhí an gearánaí ag iarraidh cead achomhairc ar an údar nár cheart fianaise

den sórt sin a cheadú mar gheall go mba fianaise neamh-inghlactha a bhí ann ar mhí-iompar roimh ré.

**3.18** Agus cead achomhairc á dhiúltú, bhreithnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil cásanna 'fianaise cúlra ar mhí-iompar': nuair a bhí an fhianaise sin ina chuid de chúlra leanúnach an chaidrimh nach mbeadh an fhianaise a cuireadh os comhair an ghiúiré intuigthe dá uireasa. Maidir le cinneadh cén fhianaise 'cúlra' ar cheart glacadh a bheith léi, ba é breith na Cúirte gur airde an tairseach ná 'cuidiúlacht' amháin ach go raibh beart stuama cothromaíochta i gceist. Tugadh de bhreith nár cheart fianaise cúlra ar mhí-iompar a mheas ach amháin sa chás go raibh fiúntas suntasach léi ó thaobh míniúcháin agus gur ghá ar mhaithe le leas an cheartais glacadh a bheith léi, fiú agus an éifeacht dhochrach a d'fhéadfadh a bheith léi á chur san áireamh. Sa chás go nglactar le fianaise dá sórt, ba é breith na Cúirte go bhféadann breitheamh na trialach a chur in iúl don ghiúiré go bhfuil baol ann nach fírinneach gach a ndeireann an gearánaí faoi na líomhaintí atá i gceist leis an bhfianaise cúlra. Maidir leis an gcás idir lámha, ba é breith na Cúirte gur chuir breitheamh na trialach an triail chothromaíochta maidir le hinghlacthacht fianaise ar mhí-iompar sa chás i bhfeidhm mar ba chóir.

# 4 IONCHÚISIMH MAIDIR LE TIOMÁINT FAOI THIONCHAR DÍ

**4.1** Is é cuspóir atá leis an gcaibidil seo tuairisc a thabhairt ar an gcásdlí a d'eascair ó ionchúiseamh ar chásanna maidir le tiomáint faoi thionchar dí i rith na bliana 2007.

## Alt 49(4) – Cásanna maidir le hAnáileadán Intoxilyzer

**4.2** *Colm Fitzpatrick v. Director of Public Prosecutions* – an Breitheamh O'Neill (20 Samhain 2007). Leagtar síos leis an gcás seo gur gá an Teastas maidir le halt 17 a thabhairt don Chúirt má tá an t-ionchúiseamh ag féachaint le brath ar an toimhde a luaitear in alt 21 an Achta um Thrácht ar Bhóithre 1994. Sonraítear an cion alcóil i sampla den anáil ar an Teastas maidir le halt 17. Baineann an cás freisin leis an gceist maidir lena inghlactha agus atá fianaise thánaisteach agus deirtear mar seo a leanas:

> "Where the prosecution in a case such as this wish to prove the content of the statement produced by an Intoxilyzer machine pursuant to section 17(2) but do not produce the statement itself, in my view they should not be permitted to give secondary evidence of the content of that statement unless it is established by evidence that the original statement has been lost or destroyed or for some other reason, it is physically or legally impossible to produce the original."

**4.3** Fágann sin gur féidir cóip de Theastas maidir le halt 17 a thabhairt de bhun alt 20 an Achta um Fhianaise Choiriúil 1992 i gcásanna áirithe.

**4.4** *Director of Public Prosecutions v. Ryan Crumley* - An Breitheamh Feeney (17 Nollaig 2007). Achomharc a bhí anseo i bhfoirm cás a shonrú maidir leis an ngá le tréimhse faire 20 nóiméad. Seo a leanas an cheist mar a cuireadh í:

> "In a prosecution for an offence contrary to section 49(4) and (6) of the Road Traffic Act 1961 (as inserted by section 10 of the Road Traffic Act 1994, as amended by section 23 of the Road Traffic Act 2002), is it necessary for the prosecution to prove that the arrested person had been observed continuously for a period of 20 minutes prior to such a person being required to provide two specimens of his breath pursuant to section 13(1)(a) of the Road Traffic Act 1994?"

Ba é freagra a tugadh nach gá. Níl breith i scríbhinn ar fáil.

## Cásanna maidir le Mainneachtain nó Diúltú Sampla den Anáil a chur ar fáil

**4.5** *Director of Public Prosecutions v. Shane Canavan* – An Breitheamh Birmingham, (1 Lúnasa 2007). Tagann an cás seo tar éis bhreith na Cúirte Uachtaraí sa chás *Director of Public Prosecutions v. McGarrigle*. Ba é breith na Cúirt nach gá don ionchúiseamh a chruthú gur inis an Garda don chúisí na pianbhreitheanna a thiocfadh dá bharr dá ndéanfaí mainneachtain nó dá ndiúltófaí sampla a chur ar fáil.

**4.6** *Director of Public Prosecutions v. John Condon* – An Breitheamh Hedigan (12 Deireadh Fómhair 2007). Sa chás seo, tugadh de bhreith nach raibh cruthúnas ar thréimhse faire 20 nóiméad faoi rialú ina chruthúnas riachtanach i gcás maidir le mainneachtain nó diúltú sampla den anáil a thabhairt.

**4.7** *Director of Public Prosecutions v. Sean Malone* – An Breitheamh Hedigan (15 Deireadh Fómhair 2007). Rinne Breitheamh na hArd-Chúirte an cheist mar a cuireadh í sa Chás a Sonraíodh a chur sa riocht seo a leanas:

"In a prosecution under section 13(2) where the accused is found to have refused [to give a specimen of breath], is it a necessary proof that the Gardaí have gone through all the preparatory steps up to where the display on the Lion Intoxilyzer showed the message "give breath specimen, blow to fill space?"

**4.8** Thug an Breitheamh Hedigan de bhreith, sa chás go dtagann an Chúirt ar an tuiscint ón bhfianaise gur dhiúltaigh an cúisí déanamh de réir mar a éilítear faoi alt 13(1)(a), go mbeadh sé ró-fhoirmiúlaíoch ar na Gardaí dul ar aghaidh leis an gcéad aon chéim déag agus an t-anáileadán Intoxilyzer a thairiscint don chúisí nuair ba léir nach ndéanfadh an cúisí de réir an chórais.

## Alt 49 (Tiomáint faoi Thionchar Dí) – Ionchúiseamh go Ginearálta

**4.9** *Director of Public Prosecutions v. Seamus Deegan* – An Breitheamh Dunne (26 Márta 2007). Baineann an cás seo le sampla fuail a chuir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi anailís maidir leis an gcion alcóil sa sampla agus druga nó drugaí a bheith ann. Is é breith a tugadh go raibh sin de réir an chirt.

Níl breith i scríbhinn ar fáil.

**4.10** *Director of Public Prosecutions v. Shelia O'Sullivan* – An Breitheamh Herbert (31 Iúil 2007). Ba í an cheist a bhain leis an gcás seo an ndearna Garda go neamhdhleathach nuair a chuathas isteach ar chabhsa sráide an chosantóra gan barántas agus doras an chairr a oscailt. Ba é freagra na ceiste nach ndearna, thug an Chúirt chun aird nár chuir an cosantóir glas ar dhoras an chairr agus nach ndearna sí iarracht na Gardaí a stopadh óna oscailt agus nár cháin sí iad as sin a dhéanamh.

**4.11** *David O'Neill v. Judge Patrick McCarton & Director of Public Prosecutions* – An Breitheamh Charleton (1 Lúnasa 2007). Sa chás seo, bhí amhras caite ag lucht na cosanta ar an achar ama a thóg sé ar Dhocthúir teacht go dtí an beairic ionas go bhféadfaí sampla fola nó fuail a éileamh ar an gcosantóir. Uair a chloig an t-achar ama a bhí i gceist agus ba é breith na Cúirte go mba mhaith an fónamh sin á dhéanamh sa saol dáiríre.

**4.12** *Director of Public Prosecutions v. Ronald Roper* – An Breitheamh Birmingham (30 Iúil 2007). Ba é breith na Cúirte nach raibh an ceart ag Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche nuair a rinne na cúiseanna in aghaidh an chúisí a dhíbhe ar an mbunús nach ndearnadh próiseáil air faoi na Rialacháin faoin mBail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád 1987 gan aon mhoill nár ghá, i gcás nach raibh ar chumas an ionchúisimh tuairisc a thabhairt ar suas le 17 nóiméad den tréimhse faoi choimeád.

## Moill

**4.13** *Director of Public Prosecutions v. Judge O'Leary and various respondents,* An Breitheamh Murphy (6 Nollaig 2007). Is é ab ábhar don chás seo roinnt cásanna os comhair na Cúirte Dúiche a cuireadh ar atráth go dtí go mbeadh toradh ar an agóid faoin mBunreacht in aghaidh ghaireas an Intoxilyzer. Ba é breith na cúirte nár tharla aon mhoill a gcuirfí a mhilleán ar an ionchúiseamh.

# 5 COIGISTIÚ AR SHÓCMHAINNÍ Ó CHOIREACHT

**5.1** I dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2002 agus i dTuarascáil na bliana 2004, shonraigh an Oifig dhá réiteach dlí, Coigistiú i gcás Coigistíochta agus Forghéilleadh Sócmhainní, a mb'fhiú aird ar leith orthu. Ba é údar a bhí leis sin gur léiríodh gur éifeachtach mar bhac ar chionta breise coireachta a dhéanamh sócmhainní na gcoirptheach a chiontaítear a ghabháil faoi fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú).

## Coigistíocht i gcás Coireachta

**5.2** Faoi fhorálacha alt 4 an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú), ó chiontaítear duine ar dhíotú i gcion maidir le mangaireacht drugaí agus ó ghearrtar pianbhreith air, ní foláir do Chúirt na trialach a dheimhniú an raibh buntáiste ag an té a ciontaíodh as an gcion, cé mhéad de bhuntáiste a bhí as agus cén tsuim atá inréadaithe le hurscaoileadh le hOrdú Coigistíochta. Déanann an Chúirt ansin Ordú Coigistíochta i leith an fhigiúir sin. Imscrúdú éigeantach atá i gceist leis seo agus bíonn de chabhair ag an gCúirt maidir leis na fáltais ó mhangaireacht drugaí a shonrú go leagtar amach toimhdeana faoi alt 5 an Achta, i.e. toimhde gur mar íocaíocht nó mar dheonachán a bhaineann le mangaireacht drugaí aon airgead a fuair an té a cúisíodh le sé bliana anuas go dtí go dtionscnaítear imeachtaí ina aghaidh. Is féidir leis an gcúisí agóid a dhéanamh in aghaidh na dtoimhdeana sin agus ní foláir dó, go n-éireodh leis an agóid, a chruthú gur dóichí iad a bheith mícheart.

**5.3** Baineann alt 8 an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú) le cionta seachas cionta a bhaineann le drugaí a ndéantar a n-ionchúiseamh ar díotáil ach gur nuair a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas ina leith a dhéanann an Chúirt deimhniú sna cásanna sin. Níl na toimhdeana atá ar fáil ag an gCúirt i gcás fiosraithe faoi alt 4 ar fáil i gcásanna faoi alt 9. Is é an t-airgead sin amháin ón mbuntáiste a gnóthaíodh ón gcion áirithe inar ciontaíodh an duine atá le coigistiú i gcásanna faoi alt 9. Ó thaobh cruthúnais, is é an caighdeán a leagtar síos faoin Acht maidir leis an dá fhoráil caighdeán sibhialta an ní is dóichí.

**5.4** Bíonn an tsuim a shocraíonn an Chúirt ina fhiach breithiúnais iníoctha ag an té a ciontaíodh agus is féidir, más gá, téarma príosúnachta a ghearradh leis an mbreith a chur i bhfeidhm.

**5.5** Tá de chumhacht ag an Ard-Chúirt faoi alt 24 an Achta ordú srianta a dheonú lena ndéantar sócmhainní chúisí a chalcadh ón uair a chinneann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a dhéanamh. Is é cuspóir atá le horduithe dá sórt ídiú sócmhainní sula dtarlódh ciontú cúisí a chosc. Is féidir glacadóir a cheapadh freisin sula dtarlaíonn ciontú d'fhonn sócmhainní sonraithe a thiomsú, go háirithe sócmhainní a mbeadh laghdú ag teacht ar a luach, agus diúscairt a dhéanamh orthu nó bainistíocht a dhéanamh orthu d'fhonn cinntiú go mbíonn an luach is airde ar fáil ag an gCúirt sa chás go ndéantar ordú coigistíochta. Foráiltear faoi Alt 20 do ghlacadóir a cheapadh ón uair a dhéantar ordú coigistíochta d'fhonn na sócmhainní sonraithe a réadú chun freastal don tsuim a socraíonn an Chúirt gur ionann í agus an buntáiste atá gnóthaithe ag an gcúisí ón gcion.

**5.6** Údaraítear faoi alt 38 an Achta airgead tirim a urghabháil sa chás go bhfuil cúis réasúnta ag duine den Gharda Síochána nó ag oifigeach

Custaim agus Máil le hamhras gur ionann an t-airgead tirim (airgead tirim san áireamh a dtagtar air le linn cuardaithe) agus gnóchan duine ó iompar coireachta. Ní féidir an t-airgead tirim a ghabhfadh Garda nó ag oifigeach Custaim agus Máil a choinneáil ar feadh tréimhse is faide ná 48 uair a chloig mura dtugann Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche údarás leis an airgead a choinneáil níos faide. Is féidir iarratais a dhéanamh leis an gCúirt le leanacht ag coinneáil an airgid ar feadh tréimhsí suas le dhá bhliain. Faoi alt 39 an Achta, is féidir le Breitheamh de chuid na Cúirte Cuarda forghéilleadh aon airgead a gabhadh faoi alt 38 an Achta a ordú má táthar sásta gur gnóthachtáil díreach nó indíreach ó choireacht an t-airgead nó go bhfuil rún é a chur in úsáid ag duine ar bith le haghaidh mangaireacht drugaí. Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chaitheann iarratas faoi alt 39 a dhéanamh agus bíonn an caighdeán cruthúnais ar chaighdeán sibhialta an ní is dóichí.

**5.7** Foráiltear in alt 61 an Achta d'fhorghéilleadh aon mhaoin a úsáidtear i ndéanamh ciona nó i bhfreastal do chion, sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda. Seasadh sa bhreith a tugadh le gairid sa chás Shane Howell v. Judge Patrick Moran and the Director of Public Prosecutions le cumhacht na cúirte ordú a dhéanamh faoin alt sin maidir leis an maoin a bhaineann le hábhar, agus is féidir leis an gCúirt sin a dhéanamh cibé an mbíonn plé ag an gCúirt le ciontóir maidir leis an gcion ar bhealach ar bith eile nó nach mbíonn. Cuireann an Oifig seo iarratais isteach faoin alt sin maidir le réimse leathan sócmhainní, mar shampla carranna a úsáidtear le coirpigh a thabhairt chuig láthair coire agus ón láthair, chomh maith le hairgead agus gaireas coirptheachta, mar shampla trealamh cóirithe drugaí a dtagtar air ar láthair coire nó ina chóngar.

## Straitéis

**5.8** Tá aonad faoi leith, an tAonad Urghabhála Sócmhainní, mar chuid de Rannóg na nAturnaetha san Oifig. Is ar an aonad sin a leagtar de chúram an straitéis a leag an Oifig amach i dTuarascáil Bhliantúil nab liana 2004 a chur i bhfeidhm agus monatóireacht agus comhordú a dhéanamh mar gheall ar gach iarratas a thugtar chun cinn faoin Acht. Thug an Oifig cúnamh don Gharda Síochána oiliúint a chur ar oifigigh den chuid an Gharda maidir le himscrúdú ar na ceisteanna seo.

**5.9** Díríodh aird ar leith ar Urghabháil Sócmhainní ag na Seimineáir Bhliantúla d'Aturnaetha Stáit sa bhliain 2004 agus sa bhliain 2007 trí chur i láthair a dhéanamh leis na hAturnaetha Stáit ar fad.

**5.10** Bíonn caidreamh leanúnach idir an Oifig agus an Garda Síochána, Aturnaetha Stáit agus na Coimisinéirí Ioncaim d'fhonn cinntiú go mbíonn an sárchleachtas i réim maidir le coigistíocht agus forghéilleadh sócmhainní.

## Torthaí

**5.11** Rinneadh tuairim is 28 ordú coigistíochta agus forghéillte in 2007. Tháinig na horduithe sin go tuairim is €412,300. Le linn na tréimhse sin, rinneadh orduithe coigistíochta ar thrí chás de chuid alt 39 a tháinig go tuairim is €221,570.

## Focal Scoir

**5.12** Tá an Oifig lándúthrachtach maidir lena chinntiú go mbaintear leas iomlán as gach réiteach atá ar fáil faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994 agus go ndírítear ar cheisteanna faoi 'bhuntáiste' i ngach ionchúiseamh ar dhíotáil agus nuair is cuí sin go sonraítear an ghnóthachtáil ó bheartaíocht choiriúil agus na deiseanna a úsáidtear d'fhonn na coireachta sin agus go ndéantar coigistiú orthu.

# 6 BARÁNTAS GABHÁLA EORPACH

**6.1** Tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Sainmhínítear an Barántas Gabhála Eorpach in Alt 2 den Acht mar chinneadh Cúirte i mballstát amháin de chuid an EU a dhíríonn ar Chúirt i mballstát eile de chuid an EU chun críche "conducting a criminal prosecution or the execution of a custodial sentence in the issuing member state".

**6.2** Cuireann aonad eiseachadta an Gharda Síochána iarratais maidir le hullmhú Barántas Gabhála Eorpach faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Dréachtaíonn dlíodóir inár Rannán Aturnaetha an barántas agus cuireann sé nó sí faoi bhráid ár Rannán Treoracha é lena cheadú. Nuair a fhaightear treoir chun leanúint ar aghaidh leis an iarratas, déanann ár Rannán Aturnaetha iarratas ar bharántas sna cúirteanna. Déantar iarratais ar Barántas Gabhála Eorpach chuig breitheamh de chuid na hArd-Chúirte ina suí di i mBaile Átha Cliath de ghnáth. Nuair a dheonaítear an t-ordú, déantar an barántas a sheoladh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tarchuireann an Roinn an barántas ansin chuig an tír ina meastar a bhfuil an duine iarrtha ina chónaí/ina cónaí.

**6.3** Ó tugadh an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach isteach i mí Eanáir 2004, fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 177 comhad ag iarraidh Barántais Gabhála Eorpach a ullmhú ó Rannán Eiseachadta an Gharda Síochána (39 in 2007). Ní dheachthas ar aghaidh leis an iarraidh ar Barántas Gabhála Eorpach i 16 ceann de na gcomhaid sin mar gur gabhadh an duine iarrtha go háitiúil in Éirinn, gur éag an duine iarrtha nó an gearánach nó gur ordaigh Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí amhlaidh. Tá an próiseas dréachtaithe agus feidhmithe leanúnach i 17 cás. I ndáil leis an gcuid eile, tá 144 Barántas Gabhála Eorpach eisithe ag cúirteanna na hÉireann (34 in 2007). Tarchuireadh 130 chun na Ríochta Aontaithe (chuaigh 23 ceann go Tuaisceart Éireann agus chuaigh 3 ceann go hAlbain) 6 cinn chun na Spáinne, 3 cinn chun na hÍsiltíre agus ceann amháin chuig gach tír díobh seo a leanas: chun na Beilge, na Gearmáine, na Laitvia, na Liotuáine agus na Portaingéile.

**6.4** Ba Éireannaigh iad 93 de 144 duine iarrtha, ba Bhriotanaigh iad 34 duine, ba as an Liotuáin do 2 duine acu agus bhí náisiúnach amháin de chuid gach ceann de na tíortha seo a leanas ann ar an daoine iarrtha; Alba, Meiriceá, An Astráil; An Ísiltír, An Ghearmáin, Gána, An Laitvia, An Nigéir, An Pholainn, An Spáinn agus An Túinéis ann chomh maith le 3 chás nach fios cárbh as don duine iarrtha. Chlúdaigh na cionta a rabhthas sa tóir orthu ina leith raon leathan de chionta tromchúiseacha, lena n-áirítear dúnmharú, cionta gnéis, cionta drugaí, gadaíocht agus ionsaithe tromchúiseacha. Le hAlt 33 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003, ní cheadaítear Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint ach amháin má luaitear téarma príosúnachta de 12 mí ar a laghad leis an gcion ar chiontú a bhaint amach nó, nuair is duine ciontaithe é an duine iarrtha a bhfuil téarma príosúnachta de 4 mhí gearrtha air nó uirthi. Leis sin, cinntítear nach ndéantar iarratais ar Barántas Gabhála Eorpach ach do chionta tromchúiseacha.

**6.5** As na 144 barántas a eisíodh go dtí seo, gabhadh 74 duine agus eiseachadadh iad ar ais go hÉirinn (25 in 2007). Níor diúltaíodh ach iarratas amháin ar eiseachadadh. Bhí an diúltú bunaithe ar imeacht ama agus breithnithe eile. Gabhadh 7 duine eile thar lear agus tá siad os comhair na gcúirteanna faoi láthair nó tá a ngéilleadh ordaithe nó curtha siar é mar go bhfuil siad ag cur isteach pianbhreithe sa tír iarrtha.

**6.6** As na barántas eile, níor leanadh le 15 ceann díobh mar gur gabhadh an duine iarrtha go háitiúil in Éirinn i ndiaidh eisiúint Barántas Gabhála Eorpach nó mar go bhfuil an duine iarrtha nó an gearánach básaithe. Níor forghníomhadh an chuid eile fós mar nach bhfuil a fhios cá bhfuil an duine iarrtha, de bhrí gur athraíodh seoladh thart ar an am a seoladh an Barántas Gabhála Eorpach chuig an tír iarrthach. Sna cásanna sin, leanfaidh údaráis an Gharda Síochána lena gcaidreamh lena gcomhghleacaithe in Interpol mar iarracht an áit go díreach a bhfuil an duine iarrtha lonnaithe a dhéanamh amach.

**6.7** Ó thaobh an ionchúisimh de, tá an Barántas Gabhála Eorpach ag cruthú mar uirlis an-éifeachtach chun a chinntiú go gcuirfear daoine a bhíonn cúisithe ar ais. Le go n-oibreoidh sé chomh héifeachtach is a d'oibrigh sé go dtí seo, braithfidh an Barántas Gabhála Eorpach ar bhallstáit an EU leanúint le muinín a bheith acu as córais dlí a chéile agus braithfidh sé orthu glacadh le cinntí a gcúirteanna agus iad a aithint.

**6.8** Ní phléann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le Barántais Ghabhála Eorpacha a dhíríonn tíortha eile ar an Stát. Pléann an tÚdarás Lárnach atá lonnaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leis na barántais sin faoi réir chomhairle dlí an Ard-Aighne.

# 7 SAORÁIL FAISNÉISE

**7.1** Foráiltear in Alt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 1997 do cheart rochtana i ndáil le taifid a bhaineann le riaradh ginearálta na hOifige agus leo sin amháin. Ciallaíonn sé sin i ndáiríre nach féidir rochtain a fháil ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

**7.2** Leantar ar aghaidh san Oifig ag cur eolas Saorála Faisnéise ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá ár Leabhar Tagartha d'Ailt 5 agus 6 ar fáil go forleathan i leabharlanna poiblí ar fud an tíre mar aon lenár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. Leagtar amach gnó na hOifige san fhoilseachán sin, lena n-áirítear na cineálacha taifead a choinnítear.

**7.3** Is féidir caidreamh a dhéanamh leis an Aonad Saorála Faisnéise ar an teileafón nó trí ríomhphost chuig foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist sin a úsáid maidir le fiosrú ginearálta faoi Shaoráil Faisnéise ach ní féidir é a úsáid maidir le hiarratas a chur isteach, éilítear táille iarratais ina leith sin.

**7.4** Cuireadh líon iomlán seacht n-iarratas déag faoi bhráid na hOifige i rith na bliana 2007. Diúltaíodh trí cinn déag de na hiarratais faoin Acht agus tarraingíodh siar dhá iarratas. Bhí dhá iarratas eile a deonaíodh i bpáirt. Ba é an chúis a bhí le hiarratais a dhiúltú nach raibh baint ag na taifid a bhí á lorg le riarachán ginearálta na hOifige.

**7.5** Iriseoir a chuir ceann amháin de na hiarratais isteach agus ba dhaoine den phobal a rinne na sé iarratas déag eile agus bhí baint ag cúig cinn déag de na hiarratais ar fad le comhaid ionchúisimh choiriúla.

**7.6** Ní raibh ach beirt a d'iarr athbhreithniú inmheánach mar gheall ar an gcéad chinneadh sna trí chás déag ar tugadh diúltú do na hiarratais. Seasadh leis an gcéad chinneadh sa dá chás sin. Rinne iarratasóir amháin achomharc ina dhiaidh sin leis an gCoimisinéir Faisnéise, a sheas leis an gcéad chinneadh freisin.

| Iarrataí a Fuarthas 2007 | |
|---|---|
| Diúltaithe faoi alt 46 (1) (b) | 13 |
| Tarraingthe siar/déileáilte leo lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 2 |
| Deonaíodh Iarraidh | 2 |
| **IOMLÁN NA N-IARRATAÍ** | **17** |

| Iarratóirí 2007 | |
|---|---|
| Iriseoir | 1 |
| An Pobal i gCoitinne | 16 |

| Athbhreithnithe | |
|---|---|
| Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach | 2 |
| Iarrataí chuig an gCoimisnéir Faisnéise ar Athbhreithniú | 1 |

# 8 STAITISTICÍ

## Nóta Míniúcháin i nDáil le Staitisticí

**8.1** Tá na staitisticí a léirítear sa tuarascáil seo tiomsaithe ó shonraí a tógadh ónár gcórais Teicneolaochta Eolais a úsáidtear go príomha mar chóras rianaithe cás agus níl sé mar chuspóir príomha leo staitisticí a chruthú. Tá na córais faoi réir ag forbairt leanúnach chun cur le hardchaighdeán na sonraí a chuirtear ar fáil.

**8.2** Tá an chaibidil deighhilte ina thrí alt ar leithligh:

- Baineann Cairteacha 1 go dtí 6 le comhaid a fuarthas san Oifig agus bíonn mionsonraí iontu ar na cineálacha treoracha a rinneadh;
- Tugann Cairteacha 7 go dtí 11 mionsonraí de thorthaí na gcásanna a rinne an Stiúrthóir a ionchúiseamh ar díotáil i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2003 agus 2005;
- Tugann Cairteacha 12 go dtí 14 staitisticí ar chaiteachas na hOifige.

| **Ros Comáin** | 13 | 13 | 18 | 0 | 0 | 1 | 12 | 12 | 17 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| **Sligeach** | 31 | 34 | 30 | 1 | 2 | 2 | 29 | 29 | 22 | 0 | 2 | 1 | 1 | 1 | 5 |
| **Tiobraid Árann** | 20 | 29 | 23 | 0 | 5 | 0 | 17 | 19 | 20 | 3 | 3 | 1 | 0 | 2 | 2 |
| **Port Láirge** | 35 | 38 | 38 | 3 | 4 | 3 | 32 | 30 | 34 | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 1 |
| **An Iarmhí** | 39 | 25 | 20 | 8 | 4 | 0 | 30 | 20 | 18 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **Loch Garman** | 20 | 22 | 23 | 2 | 2 | 2 | 18 | 17 | 18 | 0 | 3 | 3 | 0 | 0 | 0 |
| **Cill Mhantáin** | 29 | 39 | 48 | 4 | 0 | 2 | 24 | 39 | 42 | 0 | 0 | 3 | 1 | 0 | 1 |
| **IOMLÁN** | **2083** | **2190** | **2115** | **70** | **102** | **125** | **1929** | **1950** | **1841** | **51** | **83** | **78** | **33** | **55** | **71** |

## Cairt 11a IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

| | IOMLÁN | | | Ciontú | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2006 | 2005 | 2004 | 2006 | 2005 | 2004 |
| **Ceatharlach** | 18 | 25 | 10 | 89% | 100% | 100% |
| **An Cabhán** | 22 | 16 | 23 | 73% | 94% | 96% |
| **An Clár** | 28 | 41 | 49 | 89% | 88% | 86% |
| **Corcaigh** | 228 | 256 | 197 | 93% | 92% | 92% |
| **Dún na nGall** | 10 | 25 | 30 | 90% | 96% | 97% |
| **Baile Átha Cliath** | 1149 | 1212 | 1171 | 98% | 96% | 95% |
| **Gaillimh** | 74 | 37 | 56 | 92% | 95% | 98% |
| **Ciarraí** | 44 | 35 | 47 | 100% | 89% | 91% |
| **Cill Dara** | 84 | 65 | 62 | 93% | 94% | 82% |
| **Cill Chainnigh** | 33 | 26 | 38 | 94% | 77% | 92% |
| **Laois** | 16 | 21 | 21 | 94% | 90% | 90% |
| **Liatroim** | 5 | 5 | 4 | 100% | 100% | 100% |
| **Luimneach** | 51 | 66 | 51 | 98% | 89% | 90% |
| **An Longford** | 9 | 8 | 6 | 78% | 100% | 100% |
| **Lú** | 21 | 24 | 55 | 90% | 83% | 93% |
| **Maigh Eo** | 31 | 39 | 38 | 87% | 85% | 82% |
| **An Mhí** | 56 | 58 | 32 | 100% | 91% | 91% |
| **Muineachán** | 9 | 17 | 16 | 78% | 88% | 88% |
| **Uíbh Fhailí** | 8 | 14 | 9 | 100% | 100% | 78% |
| **Ros Comáin** | 13 | 13 | 18 | 92% | 92% | 100% |
| **Sligeach** | 31 | 34 | 30 | 97% | 91% | 80% |
| **Tiobraid Árann** | 20 | 29 | 23 | 85% | 83% | 87% |
| **Port Láirge** | 35 | 38 | 38 | 100% | 89% | 97% |
| **An Iarmhí** | 39 | 25 | 20 | 97% | 96% | 90% |
| **Loch Garman** | 20 | 22 | 23 | 100% | 86% | 87% |
| **Cill Mhantáin** | 29 | 39 | 48 | 97% | 100% | 92% |
| **IOMLÁN** | **2083** | **2190** | **2115** | **96%** | **94%** | **93%** |

Tá cur síos i gCairt 12 ar chaiteachas na hoifige i 2007, 2006 & 2005.

**Tuarastail & Pá:** Léiríonn sé seo tuarastail na foirne atá ar fostú san Oifig. 174.09 an líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2007.


**Caiteachais Oifige:** Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin na hoifige e.g. trealamh oifige a cheannach agus a chothabháil, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, áitreabh oifige a chothabháil, taisteal agus caiteachais teagmhasacha eile.

**Táillí Abhcóide:** Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Leagtar amach na táillí laistigh de pharaméadair a shocraíonn an tAire Airgeadais.

**Caiteachais Ghinearálta Dlí:** Baineann siad seo le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i ndáil le nithe a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach agus iarratais eile i dtaca le himeachtaí dlíthiúla i gcoinne an Stiúrthóra.

## Cairt 12 **CAITEACHAS NA hOIFIGE**

| | 2007 € | % | 2006 € | % | 2005 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail Pá & Liúntais | 11,558,163 | 33% | 10,132,015 | 32% | 9,527,979 | 32% |
| Caiteachais Oifige | 3,122,343 | 9% | 2,960,447 | 10% | 3,011,535 | 10% |
| Táillí Abhcóide | 14,232,484 | 41% | 12,085,966 | 38% | 13,004,323 | 43% |
| Caiteachais Ginearálta Dlí | 5,930,424 | 17% | 6,304,827 | 20% | 4,615,021 | 15% |
| **IOMLÁN** | **34,843,414** | | **31,483,255** | | **30,158,858** | |




Léiríonn Cairteanna 13 & 14 an caiteachas ar tháillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus de réir réigiúin i leith na Cuirte Cuarda Coirúila.

I measc na dtáillí a íocadh le habhcóidí sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, i gCúirteanna Speisialta Coiriúla agus sa Chúirt Chuardal, bhí táillí a bhain le comhairle maidir le cruthúnas, dréachtú, comhairleoireacht, díotchúiseacht, cásanna a chur i láthair agus láithriú i gcásanna eile ina raibh gá déanamh amhlaidh, mar shampla, pianbhreitheanna.

Is de bharr iarratais ar bhannaí agus obair ullmhúcháin a bhain le hathbhreithnithe bhreithiúnacha formhór na dtáillí san Ard-Chúirt.


## Cairt 13 **TÁILLÍ ÍOCHA AG AN gCÚIRT LE hABHCÓIDÍ**

| | 2007 € | % | 2006 € | % | 2005 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chúirt Chuarda | 7,424,016 | 52% | 5,969,616 | 50% | 6,136,922 | 48% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil | 4,271,132 | 30% | 3,388,237 | 28% | 4,052,328 | 31% |
| An Ard-Chúirt | 1,351,359 | 9% | 1,370,451 | 11% | 1,446,021 | 11% |
| An Chúirt Uachtarach | 364,665 | 3% | 278,533 | 2% | 158,891 | 1% |
| An Chúirt Achomhairc Choiriúil | 537,107 | 4% | 845,148 | 7% | 763,712 | 6% |
| Cúirt Choiriúil Speisialta | 266,255 | 2% | 208,341 | 2% | 415,263 | 3% |
| An Chúirt Dúiche | 17,949 | 0% | 25,640 | 0% | 31,188 | 0% |
| **IOMLÁN** | **14,232,484** | | **12,085,966** | | **13,004,325** | |



## Cairt 14 **TÁILLÍ ÍOCHA AG AN GCÚIRT LE CUARDA**

| | 2007 € | % | 2006 € | % | 2005 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 4,161,889 | 56% | 3,154,658 | 53% | 3,510,505 | 57% |
| Corcaigh | 755,769 | 10% | 558,824 | 10% | 555,370 | 9% |
| An tOirthear | 612,278 | 8% | 477,505 | 8% | 350,921 | 6% |
| Lártíre | 221,811 | 3% | 186,221 | 3% | 237,047 | 4% |
| Oirdheisceart | 504,528 | 7% | 565,874 | 9% | 435,435 | 7% |
| Iardheisceart | 564,974 | 8% | 476,024 | 8% | 572,634 | 9% |
| An tIarthar | 368,577 | 5% | 166,782 | 3% | 221,661 | 4% |
| An Tuaisceart | 234,190 | 3% | 383,728 | 6% | 253,349 | 4% |
| **IOMLÁN** | **7,424,016** | | **5,969,616** | | **6,136,922** | |



# 9 SLIOCHT AS CUNTAS LEITHREASA 2006

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006, arna chur i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus ar an tsuim a fhéadfar a chur i bhfeidhm mar leithreasaí-i-gcabhair ina theannta sin, do thuarastail agus caiteachais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| Seirbhís | | Soláthar Meastaithe €'000 | Aschur €'000 | Méideanna Faibhrithe €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **RIARADH** | | | | |
| **A.1.** | Tuarastal, Pá agus Liúntais | 10,313 | 10,132 | - |
| **A.2.** | Taisteal agus Cothabháil | 220 | 174 | 16 |
| **A.3.** | Caiteachais Theagmhasacha | 1,384 | 1,041 | 27 |
| **A.4.** | Seirbhísí Poist agus Telechumarsáide | 295 | 232 | 24 |
| **A.5.** | Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile | 1,676 | 805 | -17 |
| **A.6.** | Caiteachais a Bhaineann le hÁitreabh Oifige | 755 | 923 | -480 |
| **SEIRBHÍSÍ EILE** | | | | |
| **B.** | Táillí Abhcóidí | 14,847 | 12,086 | 2,654 |
| **C.** | Caiteachais Ghinearálta Dlí | 4,160 | 6,305 | 3,990 |
| | **Comhiomlán** | **36,650** | **31,698** | **6,214** |
| | *Bain as -* | | | |
| **D.** | Leithreasaithe-i-gCabhair | 15 | 215 | - |
| | **GLANIOMLÁN** | **33,635** | **31,483** | **6,214** |

**AN BARRACHAS ATÁ LE GÉILLEADH €2,151,745**

# 10 AN tACHT UM ÍOCPRAS CUNTAS, 1997

## Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002

### Feidhmiú an Achta sa Tréimhse ó1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2007

**10.1** Íocann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí soláthróirí tar éis na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist a sholáthar go sásúil agus laistigh de 30 lá ón lá a bhfaightear sonrasc ón soláthróir. I gcás taillí abhcóidí, cé nach bhfaightear sonraisc, is é cleachtas na hOifige iad a íoc laistigh de 45 lá tar éis tuarascáil a fháil maidir le gach cás ón aturnae stáit.

**10.2** Sa tréimhse atá i gceist, rinne an Oifig 16 íocaíocht a bhí mall a chosain os cionn €317.50. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí sin agus €56,409.44. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí malla sa bhliain agus €56,616.85 as líon iomlán na n-íocaíochtaí de €3.46 milliún agus gearradh ús de €463.03 air sin.

### Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

**10.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialacháin maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála, 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus tá téarmaí an Achta á gcomhlíonadh ag an Oifig ó shin i leith.

**10.4** Stampáiltear na sonraisc go léir a fhaightear ó sholáthróirí nuair a fhaightear iad. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear isteach iad lena n-íoc go tráthúil chun a chinntiú go ndéantar iad a íoc laistigh den tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc cuirtear an dáta a bhfuarthas iad i gcomparáid le dáta na híocaíochta, agus má bhíonn an teorainn ama iomchuí sáraithe, déantar íocaíocht úis go huathoibríoch. I gcásanna ina dteastaíonn íocaíocht úis, cuirtear in iúl é don bhainistíocht le go bhféadfar cibé gníomh feabhais is gá a ghlacadh.

**10.5** Ní féidir leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt maidir le neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aibréan 2008

# 11 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL

**AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN**

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó ionchúiseamh achoimre a sheoladh sa Chúirt Dúiche i leith ***mionchionta***
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta ***tromaí***

| RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) |
|---|---|

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

**RANNÁN NA dTREORACHA
OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

| RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath) | ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL (Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) |
|---|---|

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
- Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
- Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

**ABHCÓIDE IONCHÚISIMH**

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

**NA CÚIRTEANNA**

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

# 12 STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN

## (Suas go dtí Meitheamh 2008)

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
*James Hamilton*

**An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Barry Donoghue

- **Rannán na dTreoracha**
  - **Cinn Aonaid**
    - Michael Liddy (Stiúrthóir Cás-Oibre)
    - Niall Lombard
    - David Gormally
    - Domhnall Murray
- **An Rannán Riarachán**
  - **Ceannasaí Riaracháin** – Declan Hoban
  - **An tAonad Leabharlainne & Taighde** – Sinéad O'Gorman
  - **An tAonad Airgeadais** – John Byrne
  - **An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta** – Joe Mulligan
  - **An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna** – *Tá Folúntas Ann*
  - **An tAonad Teicneolaochta Eolais** – Marian Harte
  - **An tAonad Cumarsáide & Forbartha** – Helen Cullen
- **Rannán na nAturnaetha**
  - **An Príomh-Aturnae Ionchúisimh** – Claire Loftus
  - **An Leas-Phríomh-Aturnae Ionchúisimh** – Eileen Creedon
  - **Rannóg na Cúirte Dúiche** – Claire B. Galligan
  - **Rannóg na dTrialacha Cúirte Cuarda** – Ronan O'Neill
  - **Rannóg na nUaschúirteanna** – Liam Mulholland
  - **Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha** – Seamus Cassidy
  - **Rannóg na nUrghabhála Sócmhainní** – Michael Brady
- **Aonad an Pholasaí Ionchúisimh**
  - **Ceannasaí Aonad an Pholasaí Ionchúisimh** – Kate Mulkerrins
  - **An Leas-Cheannasaí** – Rebecca Coen

# AGUISÍN I
## Ráiteas faoi Thoradh na Bliana 2007

**Nóta:** Tá sé de chuspóir ag an Ráiteas Aschuir na haschuir agus na tionchair straitéiseacha lárnacha a chur leis na hionchuir airgeadais agus foirne do bhliain féilire. Tá na haschuir sa ráiteas bunaithe ar an mbliain 2007 agus léiríonn siad an obair go léir a rinneadh ar chomhaid ionchúisimh agus ar imeachtaí dlíthiúla le linn 2007 cibé acu an bhfuarthas na comhaid in 2007 nó sna blianta roimhe sin. Mar gheall air sin, ní féidir na staitisticí atá luaite sa ráiteas a chur i gcomparáid dhíreach leis na staitisticí a luaitear i gCaibidil 8 den tuarascáil seo a thiomsaítear ar bhonn na bliana a fuarthas an comhad san Oifig.

## 1. Ráiteas Achoimre – Cuspóir Ardleibhéil

Is é feidhm bhunúsach atá le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí stiúrú agus maoirseacht a dhéanamh mar gheall ar ionchúisimh phoiblí agus cúrsaí coireachta a bhaineann leis sin. Is ón nGarda Síochána, an phríomhghníomhaireacht náisiúnta maidir le himscrúdúchán, a thagann an chuid is mó de na cásanna a chuirtear faoi bhráid na hOifige. Ina dhiaidh sin féin, bíonn roinnt cásanna á gcur faoi bhráid na hOifige freisin ag áisíneachtaí imscrúdúcháin sainspeisialta, ina measc na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdaráis Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

### Cuspóir Ardleibhéil

Seirbhís ionchúisimh neamhspleách, cóir, éifeachtúil a chur ar fáil ar son Phobal na hÉireann.

### Táscaire Tionchair

A oiread agus a choinnítear seirbhís ionchúisimh neamhspleách, éifeachtúil, cóir sa tsiúl.

### Aidhmeanna an Chláir

Na comhaid imscrúdúcháin choiriúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige a bhreithniú agus cinneadh tráthúil ar choir ionchúiseamh a thionscnamh nó nár chóir nó ar chóir leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh atá tionscanta cheana féin ag an nGarda Síochána.

Cinntiú go ndéantar beart de réir chinntí ionchúiseamh a thionscnamh go tráthúil agus ar bhealach a thagann leis na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí mar a fhoilsítear iad.

## 2. An Buiséad Iomlán de réir Foinse an Chiste agus de réir na Bliana

Vóta de chuid an Oireachtais ciste na hOifige. Is leis an Vóta sin a dhéantar soláthar do thuarastail agus do chostais an Stiúrthóra agus a chuid foirne, tuarastail agus costais Sheirbhís an Aturnae Stáit, táillí le híoc le habhcóidí a fhostaíonn an Stiúrthóir le cásanna a ionchúiseamh i gcúirteanna éagsúla agus costais a dhámhtar in aghaidh an Stáit ó Athbhreithniú Breithiúnach agus imeachtaí eile dlí. Is de réir an éilimh an caiteachas ar an dá mhír dheireanacha sin agus braitheann sé ar líon na gcásanna coiriúla a chuirtear trí na Cúirteanna i rith nab liana. Baineann an figiúr maidir le Leithreas i gCabhair le haisghabháil ar chostais a dhámhtar don Stát in imeachtaí coiriúla go príomha. Ó tharla go mbíonn éagsúlacht mhór idir figiúirí ó bhliain go bliain, figiúr ainmiúil a luaitear.

Is mar gheall ar aistriú Sheirbhís an Aturnae Stáit go dtí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an t-ardú i gcaiteachas na bliana 2008 i gcomparáid leis an mbliain 2007.

| | BUISÉAD 2007 € milliún | ToradhSealadach 2007 € milliún | BUISÉAD 2008 € milliún | % Athrúsa Toradh |
|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas a Vótáladh** | 35.81 | 34.70 | 44.55 | +28% |
| **Neamhvótáilte (foinse Stáit)** | - | - | - | - |
| **Ollchaiteachas Iomlán** | 35.81 | 34.70 | 44.55 | +28% |
| **Leithreas i gcabhair** | 0.02 | 0.09 | 0.02 | - |
| **Caiteachas Glan** | 35.79 | 34.60 | 44.53 | +29% |

## 3. Mionsonraí an Chláir

Clár amháin oibre a dhéanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, seirbhís ionchúisimh neamhspleách, cóir, éifeachtúil a chur ar fáil ar son Mhuintir na hÉireann.

### IONCHUR

| BRISEADH SÍOS DE RÉIR AIDHMEANNA STRAITÉISE AR AN OLLCHAITEACHAS IOMLÁN | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **2007** | | **2008** | **% d'Athrú2007 i gComparáid le 2006** |
| | | **Buiséad € Milliún** | **Toradh € Milliún** | **Buiséad € Milliún** | |
| **Caiteachas ar Riarachán** | Pá | 2.48 | 2.18 | 2.88 | 33% |
| | Neamhphá | 4.08 | 3.02 | 4.29 | 42% |
| **Caiteachas ar Chláir** | Pá | 10.32 | 9.50 | 11.53 | 21% |
| | Neamhphá | 18.92 | 20.02 | 25.85 | 29% |
| **Ollchaiteachas Iomlán** | | 35.80 | 34.70 | 44.55 | 28% |
| **Leithreas-i-gCabhair** | | -0.02 | -0.09 | -0.02 | -78% |
| **Caiteachas Glan** | | **35.78** | **34.61** | **44.53** | **29%** |
| | | **2007** | | | |
| **Líon na Foirne a bhí fostaithe ag deireadh na bliana 2007 (lánaimseartha agus a chomhionann)** | | **183** | | | |

### TORADH

| Sprioc do Thoradh 2007 | Toradh 2007 | Sprioc do Thoradh 2008 |
|---|---|---|
| Treoir a eisiúint maidir le timpeall is 7,500 – 8,000 comhad a chuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid. | Eisíodh treoir maidir le 10,300 amhrastach ar 8450 comhad. | Treoir a eisiúint maidir le timpeall is 10,000 amhrastach ar chomhaid a chuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid. |
| Cinntí ionchúisimh taobh istigh de spriocthráthanna ama:<br>40% de na cásanna taobh istigh de 2 sheachtain<br>50% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtaine<br>75% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí | 51% de na cásanna taobh istigh de 2 sheachtain<br>64% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtaine<br>83% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí | Cinntí ionchúisimh taobh istigh de sprioc-thráthanna ama:<br>40% de na cásanna taobh istigh de 2 sheachtain<br>50% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtaine<br>75% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí |
| Déileáil go díreach le thar ar 2.500 comhad ionchúisimh Cúirteanna Dúiche Bhaile Átha Cliath. | 2,200 comhad a cuireadh faoi bhráid agus ar déileáladh leo. | Déileáil go díreach le thar ar 2,500 comhad ionchúisimh Cúirteanna Dúiche Bhaile Átha Cliath. |
| Déileáil le timpeall is 2,000 achomharc ón gCúirt Dúiche, ina measc achomhairc maidir le cásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmligthe. | 2,600 comhad a cuireadh faoi bhráid agus ar déileáladh leo. | Déileáil le timpeall is 2,000 achomharc ón gCúirt Dúiche, ina measc achomhairc maidir le cásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmligthe. |

| | | |
|---|---|---|
| Déileáil go díreach le timpeall is 1,300 cás indíotála nua agus le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo nach bhfuil tagtha chun críche go fóill. | Déileáladh le 1,900 cás indíotála nua chomh maith le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo. | Déileáil go díreach le timpeall is 1,800 cás indíotála nua agus le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo nach bhfuil tagtha chun críche go fóill. |
| (Níl aon toradh luaite don bhliain 2007 ó tharla gur i rith na bliana a aistríodh an tseirbhís seo go hOifig an Stiúrthóra.) | (Níl aon toradh luaite don bhliain 2007 ó tharla gur i rith na bliana a aistríodh an tseirbhís seo go hOifig an Stiúrthóra.) | Bainistíocht a dhéanamh maidir leis an 32 aturnae i gcleachtadh príobháideach a dhéanann suas Seirbhís an Aturnae Stáit agus a dhéileáileann le hionchúiseamh coiriúil i gCuarda seachas Cuaird Bhaile Átha Cliath. |
| (Níl aon toradh luaite don bhliain 2007 ó tharla gur i rith na bliana a aistríodh an tseirbhís seo go hOifig an Stiúrthóra.) | (Níl aon toradh luaite don bhliain 2007 ó tharla gur i rith na bliana a aistríodh an tseirbhís seo go hOifig an Stiúrthóra.) | Déileáil le timpeall is 1,500 cás indíotála nua, ag feidhmiú trí Sheirbhís an Aturnae Stáit agus le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo nach bhfuil tagtha chun críche go fóill. |
| Déileáil le timpeall is 1,700 Iarratas ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus timpeall is 350 cás faoi Athbhreithniú Breithiúnach. | 1,700 Iarratas ar Bhannaí agus 400 cás faoi Athbhreithniú Breithiúnach a cuireadh faoi bhráid agus ar déileáileadh leo. | Déileáil le timpeall is 1,700 Iarratas ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus timpeall is 350 cás faoi Athbhreithniú Breithiúnach. |

# AGUISÍN II

## Achoimre Fheidhmeach ar an bPléphaipéar um an Beartas Ionchúisimh maidir le Cúiseanna Cinntí a Thabhairt

### 1. Obair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Is é atá sa phríomhfheidhm a chomhlíonann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná na hionchúisimh choiriúla go léir a sheoladh atá chomh tromchúiseach sin gur ceart iad a thriail os comhair giúiré. Mar chuid thábhachtach den fheidhm sin is é an chéad chinneadh atá le déanamh ná an ndéanfar ionchúiseamh. Sa plé-pháipéar seo, déileálaimid go príomha leis an gcinneadh sin go háirithe nuair a fheidhmítear é trí chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tá neamhspleáchas iomlán ag an Oifig le linn a dualgais a chomhlíonadh agus tugadh an neamhspleáchas sin di ionas go mbeidh an Oifig in ann na dualgais sin a chur i gcrích go héifeachtach agus saor ó thionchar míchuí. Tá freagracht throm ag gabháil leis an neamhspleáchas sin ar freagracht í nach mór a fheidhmiú de réir na gcaighdeán is airde is féidir i ndáil le cothroime agus ceartas. Ní leor ceartas a chur i bhfeidhm ach ní mór gur léir go bhfuil sé á chur i bhfeidhm agus, chomh maith lena bheith cothrom agus cóir, is ceart gur léir go bhfuil an t-ionchúisitheoir ag feidhmiú go cothrom agus go cóir. D'fhéadfadh sé gur dealraitheach go bhfuil an beartas reatha, is é sin le rá, gan cúiseanna a thabhairt le cinntí ar neamhréir leis sin agus le hídé na trédhearcachta agus na cuntasaíochta i dtaca le riarachán poiblí de. De réir mar a léirítear i gCaibidil 3, áfach, le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh athruithe ionchasacha ar an mbeartas láithreach, ní mór a bheith an-chúramach chun a chinntiú nach é a leanann as athchóiriú, arb é is aidhm dó cuntasacht agus trédhearcacht a mhéadú d'íospartaigh na coireachta, ná éagothroime agus éagóir do pháirtithe eile.

### 2. Comhthéacs an bheartais gan cúiseanna a thabhairt

Tá an beartas gan cúiseanna a thabhairt le cinntí ann le tamall fada. Fiú amháin sular bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí níor ghnách cúiseanna a thabhairt le cinntí ionchúisitheacha. Níltear i gcoinne cúiseanna a thabhairt anois, agus ní rabhthas riamh ina choinne sin, gan fáthanna maithe. Bhí an beartas bunaithe ar fháthanna praiticiúla a bhí ceaptha chun cothroime agus urraim a áirithiú do chearta daoine cúisithe, do chearta gearánach agus do chearta finnéithe.

Tá sé sin soiléir i gcomhthéacs an ráitis a rinne Stiúrthóir na bliana 1983 tráth ar thug sé an admháil seo a leanas:

> "Más féidir modh éigin a cheapadh ar tríd a d'fhéadfadh an Stiúrthóir, gan éagóir a dhéanamh, na cúiseanna lena chinntí a chur in iúl don phobal cuirfidh sé an modh sin i ngníomh go han-toilteanach."[1]

Tá léiriú tugtha ag an Stiúrthóir reatha, freisin, go bhfuil sé toilteanach an cleachtas reatha a athrú más féidir teacht ar shásra oiriúnach. Éiríonn na deacrachtaí as sainaithint sásra oiriúnaigh chun an t-athrú sin dhéanamh.

Táthar toilteanach athrú a chur i bhfeidhm más féidir sin a dhéanamh gan éagóir a dhéanamh. Tá roinnt rudaí ann a thugann tacaíocht i leith na tuairime sin. Áirítear orthu sin:

De thoradh cáis a chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine[2] sa bhliain 2003, i gcás cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, ní mór cúiseanna a thabhairt do ghaoil de chuid duine éagtha a mharaítear de bharr fórsa mharfaigh arna úsáid ag gníomhairí de chuid an stáit. I gcás tíortha ag a bhfuil córais dhlíthiúla den tsamhail chéanna linn féin, tá aghaidh tugtha acu ar an bhfadhb chéanna agus tá athrú déanta acu ar a gcleachtas. Chun forléargas a fháil ar an gcur chuige a úsáidtear sna tíortha sin, féach an achoimre san Aguisín a ghabhann leis an bpáipéar.

1 Preas-ráiteas a d'eisigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar an 2 Iúil 1983 agus a atáirgtear go páirteach i mír 1.3 den phlé-pháipéar seo.

2 *Jordan v United Kingdom* (2003) 37 EHRR 52

Tan t-aitheantas méadaitheach maidir lena inmhianaithe atá sé, más féidir, go ndéantar an réasúnú atá taobh thiar de chinntí a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar a saoil a chur in iúl d'íospartaigh.

An t-aitheantas atá ann maidir le feabhas a chur ar mhuinín an phobail i leith cothroime an chórais ceartais choiriúil trí na cúiseanna le cinntí maidir le hionchúisimh a chur in iúl don phobal.

## 3. Athrú agus na gaistí a d'fhéadfadh a bheith ann

I gCaibidil 3, déantar breithniú ar an argóint i leith athrú a dhéanamh agus béim ar leith á cur ar chearta bunreachtúla na bpáirtithe a ndéanann an próiseas coiriúil difear dóibh. Go bunúsach, tá an argóint i gcoinne athrú a dhéanamh ar an mbeartas reatha, mar aon leis an argóint i gcomhair cúram a ghlacadh maidir le haon athrú ionchasach, bunaithe ar an imní go bhféadfadh roinnt torthaí diúltacha gan choinne leanúint as cúiseanna a thabhairt le cinntí, go háirithe na nithe seo a leanas:

D'fhéadfadh sé tarlú, i roinnt cásanna, dá dtabharfaí cúiseanna sonracha, seachas cúiseanna leathana 'ginearálta', go gcaithfí amhras ar neamhchiontacht daoine nach bhfuil iontu ach daoine a bhfuil drochamhras ann ina leith i ndáil le coir a dhéanamh. Ar ndóigh, tá daoine den sórt sin i dteideal a ndea-chlú a bheith acu go dtí go ndéantar iad a chiontú iarbhír i gcion coiriúil. I roinnt cásanna, dá dtabharfaí cúiseanna d'fhéadfaí toimhde na neamhchiontachta a shárú ar toimhde í is bonnchloch dár gcóras dlíthiúil agus d'fhéadfaí éagóir shuntasach a chruthú. Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcóimheá idir an tábhacht a bhaineann le nochtadh don pháirtí éagóraithe, agus don phobal i gcoitinne b'fhéidir, agus an gá le clú agus toimhde na neamhchiontachta a chosaint. Is gá freisin leasanna eile sochaíocha a chur sa mheá go cúramach. Mar shampla, tá se tábhachtach nach ndéantar dochar d'imeachtaí eile.

D'fhéadfadh sé tarlú gurb e a leanfadh as cúiseanna a thabhairt ná an bonn a bhaint de sheasamh nó de chlú finné, lena n-áirítear gearánach. Mar shampla, dá ndéarfaí go gceaptar nach bhfuil finné iontaofa d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha síceolaíochta a bheith ann dá bharr agus d'fhéadfadh sé tarlú gurb ionann é sin agus ionsaí ar cheart finné chun a dhea-chlú nó chun a dea-chlú, go háirithe dá mba é a bheadh intuigthe, chomh maith lena rá go raibh finné mícheart, ná go raibh bréag á hinsint d'aon turas aige nó aici.

Ceanglaítear le hAirteagal 40.3.2° den Bhunreacht go ndéanfaidh an Stát dea-chlú gach saoránaigh a chosaint agus a shuíomh.

Éiríonn an coimhlint idir 'leasanna iomaíocha' nuair atá riachtanais na trédhearcachta agus na cuntasaíochta inár bpróiseas ionchúisitheach á chóimheá le riachtanais na slándála náisiúnta agus riachtanais dhualgas an Stáit beatha agus pearsa gach saoránaigh a shuíomh agus a chosaint de réir mar a ráthaítear le hAirteagal 40.3.2° de Bhunreacht na hÉireann. D'fhéadfaí sin a chur i gcontúirt, mar shampla, trí aitheantas faisnéiseora Garda a nochtadh nó trína nochtadh go bhfuil faisnéiseoir ann.

I dteannta na ndeacrachtaí sin, tá ceisteanna praiticiúla ann nár mhór a scrúdú i gcás ina ndéanfaí aon athrú ar an mbeartas. Áirítear orthu sin an baol go dtarlódh tuilleadh moille sa phróiseas coiriúil, acmhainní breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Oifig, agus an gá le hoiliúint. Dá mbeadh athchóiriú ann bheadh ceisteanna ann i dtaobh conas cinntí a chur in iúl do ghearánaigh. An mbeadh sé inmhianaithe nó indéanta go gcuirfí faoi deara gurb é déantóir an chinnidh a chuirfeadh an fhaisnéis in iúl? Cad is ceart a chur san áireamh? An ceart go mbeadh an pobal agus an gearánach araon i dteideal na cúiseanna a éisteacht? Tá na príomhcheisteanna praiticiúla ar ina leith a d'fháilteofaí roimh thuairimí an phobail leagtha amach i Réamhrá an Stiúrthóra agus i gcuid 5 den achoimre feidhmiúcháin seo.

## 4. Na deiseanna atá ann de thoradh athchóirithe

Cé go n-aithnítear an gá le breithniú a dhéanamh ar shriantachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le haon athchóiriú ar an mbeartas reatha, leantar ar aghaidh sa phlé-pháipéar chun an argóint i leith athchóirithe a leagan amach. Ní amháin go bhfuil an seans ann, má dhéantar athchóiriú, go méadófar muinín an phobail as eagraíocht fhíorthábhachtach laistigh den chóras ceartais choiriúil ach, freisin, d'fhéadfadh sé feabhas a chur ar shoiléire agus ar thuiscint i dtaca leis an bpróiseas déanta cinntí ionchúisitheacha.

## 5. Ceisteanna atá le breithniú

Déantar scrúdú sa pháipéar ar roinnt cur chuige a d'fhéadfaí a bhreithniú, lena n-áirítear:

Modhnuithe den chineál is lú ar an mbeartas bunaidh chun ceanglais an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine a chorprú. Dá mbeadh cur chuige den sórt

sin ann, níor mhór cúiseanna a thabhairt do ghaoil le duine a fhaigheann bás mar gheall ar ghníomhartha gníomhaire de chuid Stáit. B'ionann an rogha seo agus an beartas atá ann faoi láthair.

Gan cúiseanna a thabhairt ach amháin i ndáil le hearnáil cionta réamh-shainmhínithe. Mar shampla, an ceart cúiseanna a thabhairt i gcásanna a bhaineann le héigniú agus le dúnmharú amháin; i ngach cás ina dtarlaíonn cionta foréigneacha; nó i ngach cás ina dtarlaíonn díobháil is cuma cé chomh tromaí atá sí?

Dá gcuirfí cur chuige níos leithne i bhfeidhm, thabharfaí cúiseanna, dá mb'fhéidir é, maidir le réimse leathan cásanna agus, in imthosca nach bhféadfaí déanamh amhlaidh, cúiseanna de chineál níos ginearálta a thabhairt. Ní thabharfaí cúiseanna ar bith i gcásanna arb é a leanfadh as ráiteas d'aon chineál a thabhairt, nó inar dócha gurb é a leanfadh as ráiteas d'aon chineál a thabhairt, ná dochar a dhéanamh do leas tábhachtach. Is léir gurb ionann sin agus cur chuige níos forleithne agus d'fhéadfaí a rá gurb é atá ann ná beartas maidir le cúiseanna 'ginearálta' a thabhairt le cinntí.

Ní mór na ceisteanna sonracha seo a leanas a fhreagairt freisin:-

- An ceart an beartas reatha a athrú?
- Más ceart, an ceart cúiseanna a thabhairt do dhaoine a bhfuil leas díreach acu san ábhar, d'íospartaigh coire nó dá ngaoil agus dóibh sin amháin?
- An ceart cúiseanna a thabhairt don phobal i gcoitinne freisin?
- Má thugtar cúiseanna, an ceart cúiseanna ginearálta nó cúiseanna mionsonraithe a bheith ann?
- An ceart iad a thabhairt i ngach cás, nó in earnálacha áirithe cásanna tromchúiseacha amháin? Más ceart, cad iad na hearnálacha lena mbaineann?
- Conas is féidir cúiseanna a thabhairt gan cur isteach a dhéanamh ar an gceart bunreachtúil a bhaineann le dea-chlú agus le toimhde neamhchiontachta?
- An ceart pribhléid dhlíthiúil a bheith ann maidir le cúiseanna a chur in iúl?
- Conas is ceart déileáil le cásanna nach féidir cúis a thabhairt ina leith gan éagóir a dhéanamh?
- Cé is ceart cúiseanna a chur in iúl agus cén tslí inar ceart iad a chur in iúl?

## 6. Comhairliúchán

Mar fhocal scoir, tá an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag iarraidh ar dhaoine den phobal ar díol spéise dóibh an t-ábhar seo a dtuairimí a thabhairt faoi na saincheisteanna atá luaite sa phlé-pháipéar. D'fháilteodh sé go háirithe roimh thuairimí faoi na ceisteanna atá leagtha amach i gcuid 5 den achoimre feidhmiúcháin seo.

Tá sé beartaithe, tar éis aighneachtaí a fháil, breithniú cúramach a dhéanamh ar na tuairimí roimh chinneadh a dhéanamh i dtaobh conas is ceart leanúint ar aghaidh.

D'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaidh an Oifig seo tagairt d'aon tuairimí a gheofar, nó go bhfoilseofar iad, ina n-iomláine nó go páirteach, in anailís chríochnaitheach ar na haighneachtaí go léir a gheofar. Ní shainaithneofar daoine aonair faoina n-ainm, áfach, agus ní chuirfear tuairimí i leith daoine ach amháin de réir tagairtí d'earnálacha ginearálta daoine e.g. íospartach coire, duine den phobal, etc.

Is ceart aon tuairimí a sheoladh mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Ríomhphost: | reasons.project@dppireland.ie |
| Post: | **'TIONSCADAL CÚISEANNA'**<br>Oifig an Stiúrthóra<br>Ionchúiseamh Poiblí,<br>14-16 Sráid Mhuirfean Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 2. |

le go sroichfear an Oifig tráth nach déanaí ná **Dé Luain, an 10 Márta 2008**

***Sliocht as an 'bPlé-Pháipéar maidir le Polasaí Ionchúisimh i Leith Cúiseanna le Cinntí a Thabhairt' a foilsíodh in Eanáir 2008.***

# AGUISÍN III
## Cairt an Íospartaigh

### Ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Nuair a thugann duine tuairisc faoi choir thromchúiseach, déanann na Gardaí (nó gníomhaireachtaí eile) imscrúdú mar gheall air agus seoltar comhad chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déantar scrúdú san Oifig ar an gcomhad d'fhonn a fheiceáil an bhfuil dóthain fianaise ar fáil le duine a ionchúiseamh sa choir agus a dhéanamh amach cén chúis ba cheart a thabhairt.

### Cinneadh an ndéanfar ionchúiseamh

Is cinneadh tromchúiseach an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh – d'fhéadfadh tionchar fadtéarmach a bheith aige ar íospartach na coire agus ar an té a chúisítear ann. Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin nó duine dá chuid oifigeach ar féidir leo socrú an ndéanfar ionchúiseamh i gcásanna tromchúiseacha, mar shampla dúnmharú, ionsaí gnéis nó tionóisc bóthair a dtagann bás dá bharr.

D'fhéadfadh na Gardaí socrú ionchúiseamh a dhéanamh maidir le coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a dhéantar an t-ionchúiseamh agus tá de cheart ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí treoir a thabhairt do na Gardaí faoin modh a ndéileáiltear leis an gcás.

Sa chás go socraítear gan ionchúiseamh a dhéanamh, is do na Gardaí a rinne imscrúdú ar an gcás amháin a thabharfar na cúiseanna leis an gcinneadh. Ní thugtar na cúiseanna d'íospartaigh ná dá gcuid gaolta. Tá breithniú á dhéanamh ag an Stiúrthóir ar an bpolasaí sin faoi láthair féachaint an bhféadfar na cúiseanna a thabhairt san am atá ag teacht.

Feidhmítear go neamhspleách agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar. Ciallaíonn sin nach féidir le haon duine eile, fiú amháin an Rialtas, a rá leis an Oifig ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh maidir le cás ar bith.

### Cionta a ionchúiseamh sa chúirt

Cuirfidh na Gardaí in iúl duit má cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh agus, más amhlaidh gur cinneadh, tráth agus ionad an chás cúirte. Nuair is i mBaile Átha Cliath a dhéantar cás a ionchúiseamh, is iad na Gardaí nó aturnae de chuid na hOifige a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hOifige sa chúirt. Nuair is taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a bhíonn an chúirt, is iad na Gardaí nó an t-aturnae stáit áitiúil a dhéanann an ionadaíocht.

Is sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Chuarda Choiriúil nó an Chúirt Choiriúil Speisialta a éistítear na cásanna is tromchúisí. I gcásanna den chineál sin, déanfaidh an t-aturnae ionchúisimh nó an t-aturnae stáit áitiúil:

- Doiciméidí cúirte a ullmhú, mar shampla leabhair fianaise (ráitis agus eolas eile mar gheall ar an gcoir); agus
- Treoir agus cúnamh a thabhairt d'abhcóidí an ionchúisimh.

### A mbeidh súil agat leis ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

#### Cinntí faoi ionchúisimh

- Tabharfar aon tuairimí a chuireann tú in iúl san áireamh sula ndéantar cinneadh maidir le hionchúiseamh.
- Sa chás go n-iarrann tú go ndéanfaí athbhreithniú ar cheann dár gcinntí, déanfar an cinneadh a scrúdú agus, más féidir sin, cuirfear faoi athbhreithniú é. Oifigeach eile seachas an t-oifigeach a rinne an cinneadh a dhéanfaidh an t-athbhreithniú.

### Sa chás gur finné atá ionat

- Caithfear le meas leat agus tabharfar do chás féin, do chuid cearta pearsanta agus do chuid dínite san áireamh.
- Oibreofar i gcomhar leis na Gardaí d'fhonn cinntiú go gcoinnítear ar an eolas tú faoin gcás, go háirithe má tá cion foréigin nó gnéis i gceist.
- Déanfar socrú ionas go bhféadann tú labhairt le aturnae agus abhcóide an ionchúisimh más mian leat sin sula dtosaíonn an cás cúirte. Míneoidh siadsan an ní a tharlóidh sa chúirt ach níl cead acu labhairt leat faoin bhfianaise a thabharfaidh tusa.

### Pianbhreith

- Sa chás go síleann an Oifig pianbhreith a bheith níos boige ná ba chóir, is é sin ró-éadrom gan údar maith leis, féadfaimid a iarraidh ar an gCúirt Achomhairc Coiriúil athbhreithniú a dhéanamh mar gheall uirthi. Is féidir leis an Oifig athbhreithniú a iarraidh madiri le pianbhreitheanna ón bPríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Chuarda Choiriúil agus an Chúirt Choiriúil Speisialta ach ní féidir maidir le pianbhreitheanna de chuid na Cúirte Dúiche.

## Sa chás nach sásta a bhítear leis an obair

Sa chás go bhfuil ceist ort nó gearán le déanamh agat faoin Oifig, is féidir comhfhreagras a dhéanamh le:

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
14-16 Sráid Mhuirfean Uacht.
Baile Átha Cliath 2

Teil: + 353 (0)1 678 9222
Faics: + 353 (0)1 661 0915
Suíomh idirlín: www.dppireland.ie

Tá na leabhráin eolais **Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí** agus **Freastal na Cúirte i d'Fhinné** duit le fáil ar an suíomh idirlín.

***Cairt an Íospartaigh - Athbhreithnithe i Meitheamh 2008***